- A delegation from Physical Education and Sports Sciences (PESS) travelled to Beijing Sport University (BSU) in April. A MoU was signed in 2015 between the two universities, with a focus on promoting and supporting student and staff exchanges, particularly to develop collaborative research opportunities between the two universities. BSU has a similar number of students to UL (approximately 13,000) and all students who attend BSU are registered on sport-related programmes such as sports science, physical education, sports training, sports coaching and sport therapy and health. The PESS delegation toured the facilities, visited the research facilities, delivered lectures to BSU undergraduate and postgraduate students and discussed potential research collaborations.



Kemmy Business School, Schuman Building, University of Limerick


FURTHER GLOBAL ENGAGEMENT

2015 / 2016

- The link between the Graduate Entry Medical School (GEMS) and Wyoming Medical Centre, USA has been renewed with respect to GEMS student elective placements. Student electives in the USA are essential for ensuring non-EU GEMS graduates gain the requisite experience to compete with local and other international medical graduates and gain medical employment immediately after graduation.
- In an MoU with the Management and Science University (MSU), Malaysia, the UL BSc in Aircraft Maintenance & Airworthiness Engineering at UL has partnered with MSU's Diploma in Aircraft Maintenance. Graduates from MSU's Diploma will complete their Degree studies at UL via the two-year advanced entry route in the BSc in Aircraft Maintenance and Airworthiness Engineering. The MSU, based in Selangor, is a large, Malaysian Government-approved private university, committed to providing world-class educational programmes and technical training.
- An MoU was signed to facilitate collaboration between UL and the University of Ghana, to develop models of cooperation in a number of areas including education and academic research. The signing ceremony took place during the visit to Ghana by the Irish Minister for Agriculture, Food and the Marine, Simon Coveney TD, and Ireland's Ambassador to Nigeria, Ghana & Senegal, H.E. Sean Hoy. This marks the first agreement between an Irish university and a university in Ghana. It was attended by the Vice Chancellor of the University of Ghana, Professor Ernest Aryeetey and Vice President Academic and Registrar of UL, Professor Paul McCutcheon.

Study Abroad Developments

- UL continues to stand as the largest Erasmus programme in Ireland, once Erasmus work placements are taken into account.
- The Study Abroad Programme continues to perform well. Student numbers remained the same as 2014/15 excluding Brazil. Income from Study Abroad students also rose from €2,101K in 2014/15 to €2,111K in 2015/16.
- Study Abroad welcomed students from 22 states in 2015/2016, Nebraska (Creighton) is the top US state with 32 students last year followed by Wisconsin (UWSP, UWEC, UWS) and Minnesota (UMN) with 29 from both. The statistics highlight how important building strong partnerships with individual universities is to programme growth.
- The Science without Borders (SWB) programme was major boon to the Study Abroad programme for the 2014/15 academic year. The fully funded Brazilian mobility programme, which allows undergraduate science and engineering students to spend a full academic year overseas, grew from 33 in September 2013 to 148 in 2014 and 114 for 2015.
- Summer Schools in 2015/16 witnessed a dramatic increase in enrolments from 62 in 2014/15 to 102 this year, a 64.5% increase.
- The appointment of the EU Partnerships Officer has greatly increased the numbers of UL staff benefiting from Erasmus Mundus scholarships for teacher mobility outside Europe and the awareness amongst UL faculty and researchers of the opportunities for funding available within the umbrella programmes of Erasmus+.



Analog Devices Building, University of Limerick

04 UNIVERSITY OVERVIEW

UL takes great pride in its role as an integral part of the Mid-West region. The University plays a significant economic role in the region, both as an employer and as a client and customer of goods and services.

FACTS & FIGURES



UNIVERSITY HIGHLIGHTS

First Destinations Report

The UL First Destinations Report 2015 was published in September. The report focuses on the employment and further study patterns of UL graduates. A total of 2,933 graduates were surveyed with a response rate of 87%. It found that 93% of graduates are either in employment or in further study. UL's graduate employment rate of 73% is well above the national average.

President's Volunteer Awards

President's Volunteer Award (PVA) applications increased by 42% this past academic year and the range of student community-led initiatives and collaborations continues to grow annually. The recipients represented the entire student body; access, undergraduate, postgraduate, international, Erasmus and Study Abroad.

Environmental Initiatives

The University hosts an ongoing series of environmental initiatives, including a weekly Farmers Market and bike repair clinic, nature walks, WEEE recycling, invasive species workshops, high-profile lectures and an annual riverbank cleanup. In 2015, beekeeping commenced on campus when the UL apiary was founded. UL was also awarded the Green Flag by the An Taisce Green Campus programme. UL hosted Environ 2016, the 26th Irish Environmental Researchers Colloquium.

Erasmus+ International Credit Mobility Projects

The University was awarded over €260,000 for two Erasmus+ International Credit Mobility Projects. This represents 25% of the total funding was made available to Universities in Ireland by the EU. These grants will facilitate 64 mobility programmes with 24 institutions in 16 partner countries across Australasia, Africa and America. UL was also placed in the top 200 most international universities in the world in the Times Higher Education's rankings, which measures international outlook by means of the diversity of both the student and staff body and success in international research collaborations. The awarding of the Erasmus+ International Credit Mobility projects, coinciding with the Times Higher Education Top 200 Ranking, is an endorsement of UL's global ambition.

Academic Scholarships

- UL40 – 40 first year entrant scholarships based on achievements in the Leaving Certificate and CAO points.
- Mature student scholarships 10 recipients.
- Elaine Fagan Scholarship one recipient. Disability Support Services Office.
- President's Access Scholars Award six recipients. Access Office.
- American Ireland Scholarship five recipients. Access Office.
- Paul O'Connell Scholarship five recipients. Access Office.
- Alumni Circle Scholarship one recipient. Access Office.
- Tom and Mary McCauley Scholarship one recipient. Access Office.
- Plassey Campus Centre Scholarship two recipients. Access Office.

FURTHER UNIVERSITY HIGHLIGHTS

2015 / 2016


Student and Staff Mobility

With over 300 EU partner universities and over 40 internationally to choose from, UL students undertake study placements in 24 different European countries, whilst UL receives students from 29 different countries in Europe. Internationally, UL students travel to six different countries, whilst students from 11 countries outside Europe study at UL on exchange; including South Korea, China, Japan, Nepal, Bangladesh and Pakistan.

The number of UL staff participating in Erasmus Teacher and Staff Mobility has also increased slightly in 2015/16 with 34 teacher and eight administrative and technical staff mobility visits.

The numbers participating in the outgoing Erasmus programme and international exchanges remains stable. There has been an increase in the number of incoming students, due to new strategic partnerships in the US, Canada and China, as well as additional numbers through Erasmus Mundus.

The University has been awarded an Erasmus University Charter by the EU Commission for the new Erasmus+ mobility period, from 2014 to 2020. Total funding for the seven-year period is €14.8bn, with €7bn allocated to mobility. In 2015/16 UL received a total of €878,655 towards Erasmus and Exchanges study and teacher/staff mobility.



Niche by artist Orla de Bri, North Campus, University of Limerick

GOVERNING AUTHORITY

List of Governing Authority members, 01st October 2015 - 30th September 2016:

President: Professor Don Barry	Ms Michelle Breen	Professor Helen O'Neill
Chancellor: Judge John L Murrery	Ms Neasa Fahy O'Donnell	Ms Judith Woodworth
VPA&R: Professor Paul McCutcheon	Mr Pat Rockett	Ms Trish Long
Mr John Field	Mr Colin Clarke	Mr Fintan Breen
Professor Sean Arkins	² Ms Sarah Dunphy	Mr John O'Connell
Professor Merrit Bucholz	Ms Ciara Corcoran	⁵ Cllr Jerry O'Dea
Dr Eoin Devereux	³ Mr Caolan O'Donnell	⁶ Cllr Michael Hourigan
¹ Dr Dermot Shinnners-Kennedy	Mr Sean McKillen	⁷ Cllr Liam Gavin
Professor Colum Dunne	⁴ Ms Aimee McKenzie	⁸ Cllr Jerry O'Dea
Professor Michael Pomeroy	Mr Tadhg B Kearney	Ms Kay Doyle
Dr Sean McGrath	Ms Berni Brady	Mr Michael Houlihan
Dr Mairtin O Droma	Mr Bobby O'Connor	Mr Richard Leonard
Dr Wynette Redington	Ms Breda Deedigan	Professor Michael Hayes
Dr Peter Tiernan	Mr David O'Flynn	

The Governing Authority met eight times during the period under review on the following dates:

30/10/2015	27/11/2015	26/01/2016
25/02/2016	31/03/2016	28/04/2016
24/05/2016	30/06/2016	

Notes:

1. Dr Shinners-Kennedy was elected in December 2015 to fill vacancy created by the resignation of Professor Eoin Devereux.
2. Ms Dunphy replaced Mr Clarke as President, University of Limerick's Students' Union, (ULSU) in June 2016.
3. Mr O'Donnell replaced Ms Corcoran as Deputy President, ULSU in June 2016.
4. Ms McKenzie replaced Mr McKillen as President, University of Limerick's Postgraduate Students' Union in June 2016.
5. Cllr O'Dea was elected Mayor of the Metropolitan District of Limerick in June 2015.
6. Cllr Hourigan was elected Mayor of the Metropolitan District of Limerick in June 2016.
7. Cllr Liam Galvin was elected Mayor of the City and County of Limerick in June 2015.
8. Cllr O'Hanlon was elected Mayor of the City and County of Limerick in June 2016 and as permitted by the Local Government Reform Act 2015 he nominated Cllr O'Dea in his place on the Governing Authority.



GOVERNING AUTHORITY

Fees and aggregate expenses paid to members of Governing Authority, for the period under review:

Expenses paid to external members of Governing Authority are in accordance with the Guidelines from the Department of Finance.

The 2012 national Code of Governance requires that fees and expenses paid to members of Governing Authority are presented in the Annual Report.

Fees are not paid to members of Governing Authority.

In the period under review expenses paid to members of Governing Authority amounted to **€5,577**.

FINANCIAL REPORT

CONSOLIDATED & UNIVERSITY STATEMENT OF COMPREHENSIVE INCOME
For the financial year ended 30th September 2016

	Consolidated		University	
	30 th September 2016	30 th September 2015	30 th September 2016	30 th September 2015
	€'000	€'000	€'000	€'000
INCOME				
State grants	36,174	34,045	36,174	34,045
Academic fees	89,630	86,218	89,630	86,218
Research grants & contracts	35,154	34,580	34,154	34,580
Amortisation of deferred capital grants	4,113	5,938	4,113	5,938
Other operating income	46,578	44,280	26,956	26,221
Interest Income	498	1,300	177	677
Dontation	1,000	5,315	1,000	5,315
Net deferred funding for pensions	34,157	35,097	34,157	35,097
TOTAL INCOME	247,304	246,773	227,361	228,091
EXPENDITURE				
Staff Costs	125,293	119,534	116,679	111,992
Retirement benefit service cost	17,722	18,307	17,722	18,307
Other operating expenses	65,370	68,636	61,939	63,417
Interest payable & similar charges	842	1,362	564	899
Retirement benefit interest cost	16,435	16,790	16,435	16,790
Depreciation	15,747	15,220	11,214	10,837
TOTAL EXPENDITURE	241,409	239,849	224,553	222,242
Surplus before other gains & losses	5,895	6,924	2,808	5,849
Gain on investments	226	133	-	-
Surplus for the year after depreciation of assets and before taxation and impairment	6,121	7,057	2,808	5,849
Taxation	(4)	-	-	-
Surplus for the year	6,117	7,057	2,808	5,849
Actuarial loss in respect of retirement benefit scheme	205,527	18,946	205,257	18,946
Adjustment to deferred retirement benefit funding	(205,257)	(18,946)	(205,257)	(18,946)
TOTAL comprehensive income for the financial year	6,117	7,057	2,808	5,849
Represented by:				
Restricted comprehensive income for year	-	-	-	-
Unrestricted comprehensive income for year	6,117	7,057	2,808	5,849
	6,117	7,057	2,808	5,849

FINANCIAL REPORT

CONSOLIDATED & UNIVERSITY STATEMENT OF FINANCIAL POSITION
For the financial year ended 30th September 2016

	Consolidated		University	
	2016	2015	2016	2015
	€'000	€'000	€'000	€'000
NON-CURRENT ASSETS				
Tangible assets	437,053	424,675	304,883	296,398
Investment property	5,344	-	5,344	-
Financial assets	3,103	2,602	-	-
	445,500	427,277	310,227	296,398
CURRENT ASSETS				
Trade and other receivables	25,244	22,622	44,123	43,048
Cash & cash equivalents	115,662	166,045	90,057	102,527
	140,906	188,667	134,180	145,575
PAYABLES:				
Amounts falling due within one year	(148,187)	(151,063)	(103,743)	(100,895)
NET CURRENT (LIABILITIES)/ASSETS	(2,281)	37,604	30,437	44,680
TOTAL ASSETS LESS CURRENT LIABILITIES	443,219	464,881	340,664	341,078
PAYABLES:				
Amounts falling due within one year	(202,300)	(230,079)	(184,283)	(187,505)
PROVISIONS:				
Retirement benefit receivable	877,777	638,363	877,777	638,363
Retirement benefit provisions	(877,777)	(638,363)	(877,777)	(638,363)
TOTAL NET ASSETS	240,919	234,802	156,381	153,573
Unrestricted reserves:				
Revenue reserves (29)	240,919	234,802	156,381	153,573
TOTAL RESERVES	240,919	234,802	156,381	153,573

Statements extracted from Financial Statements

Full financial statements are available here <https://ulsites.ul.ie/finance/financial-statements>



UNIVERSITY of LIMERICK
OLLSCOIL LUIMNIGH

15 / 16

Tuarascáil Bhliantúil

Ollscoil Luimnigh

University of Limerick

IONAD TAIGHDE BOGEARRAÍ €46 MILLIÚN SEOLTA AG LERO

Sheol an tAire Oideachais agus Scileanna, Jan O'Sullivan TD, ionad taighde maoinithe Lero de chuid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI) go foirmiúil in Ollscoil Luimnigh (UL) in 2015. Rinneadh infheistíocht €46.4 san ionad méadaithe seo, a thacóidh le forbairt ionad taighde bogearraí náisiúnta ar champas na hOllscoile agus a chruthóidh 90 post PhD agus 46 post taighde iardhochtúireachta sna sé bliana amach romhainn.

Tá €32.6 milliún den infheistíocht á mhaoiniú ag SFI le tacaíocht ó Chistí Struchtúracha an AE. Tá an chuid eile den infheistíocht ar fiú €13.8 milliún í infheistithe ag lucht tionscail mar IBM, Fidelity Investments agus Microsoft.

Cuimsíonn an síneadh a cuireadh le hionad Lero taighdeoirí bogearraí ó UCC agus OÉ Má Nuad anois, rud a chiallaíonn go bhfuil ionadaíocht ag gach ollscoil in Éirinn chomh maith le IT Dhún Dealgan san ionad náisiúnta.

Faoin gclár nua, leathnaigh Lero a scóip taighde ó innealtóireacht bogearraí amháin go raon níos leithne de dhisciplíní bogearraí. Sna réimsí taighde beidh buntaighde i gceist le tionscadail spriocdhírthe in earnálacha a bhfuil tóir orthu lena n-áirítear cibearshlándaíl, Idirlíon na nEarraí, néalríomhaireacht, feistí leighis agus cathracha cliste.

Oibríonn Lero cheana féin le comhpháirtithe tionscail ilnáisiúnta ar nós IBM, Fidelity Investments agus Microsoft. Tá tionscadail taighde dhúchasacha á gcur i bhfeidhm le cuideachtaí áitiúla lena n-áirítear S3 Group, Statsports agus Tullow Oil. Beidh cuideachtaí teicneolaíochta áitiúla agus ilnáisiúnta in ann rochtain a fháil ar shaineolas na dtaighdeoirí ag Lero agus oibriú leo.

Táthar ag súil go gcabhróidh Lero leis an mbearna scileanna sa tionscal bogearraí a dhúnadh, trí shaineolaithe sa réimse a oiliúint agus a uasoiliúint, agus d'fhéadfaidís sin a gcuideachtaí féin a bhunú amach anseo.



Tá Ceanncheathrú Lárionad Lero in Áras Tierney in Ollscoil Luimnigh

RÉAMHRÁ

Foilsímid tuarascáil bhliantúil na bliana seo agus tréimhse bheoga agus rafar á ceiliúradh againn in Ollscoil Luimnigh. Tá ár bplean straitéiseach cúig bliana, a seoladh anuraidh, faoi lán seoil agus tá na buntáistí á mbrath cheana féin ar fud an champais.

Tá fás bríomhar le feiceáil i ngach áit - i mbliana ainmníodh foirgneamh nua Analog Devices mar thionscadal tógála na hÉireann agus chuir an síneadh ar Leabharlann Glucksman le saibhreas ailtireachta na timpeallachta tógtha. Vótáil pobal na mac léinn i mbliana tacú le síneadh mór a chur le hIonad na Mac Léinn agus lenár n-áiseanna spóirt. Tugann na forbairtí fisiciúla seo ardú meanma dúinn go léir - is scáthán iad ar an bhfás atá ar siúl freisin inár saotharlanna taighde, inár léachtlanna agus i measc ár mac léinn, ár bhfoireann agus ár alumni in iliomad réimsí.

Sna leathanaigh seo romhat feicfidh tú éagsúlacht na dtionscadal, na nuálaíochtaí agus na ngradam atá bainte amach againn i mbliana. Tá ár líonraí pobail agus ár seasamh idirnáisiúnta ag dul i méid. Cuireann tionscnaimh shuntasacha ar nós Lero ár misean taighde chun cinn agus níl anseo ach ceann amháin de na noid taighde speisiúla inár líonra. Nascann an líonra seo Ollscoil Luimnigh (OL) leis an bpobal is mó tionscail, T&F domhanda, forbairt idirnáisiúnta agus ar ndóigh, le muintir chathair agus chontae Luimnigh.

Táimid bródúil as a bhfuil bainte amach againn ó thaobh éagsúlachta de, mar an ollscoil is fearr in Éirinn ó thaobh ionadaíocht ban ag leibhéal ollamh. Mar sin féin, níl anseo ach tús aistir. Tá i bhfad níos mó le déanamh againn agus, mar a fheicfidh tú sa tuarascáil seo, táimid ag caitheamh fuinnimh agus cruthaitheachta chun ár sprioc a bhaint amach maidir le hionadaíocht cheart ag gach leibhéal san Ollscoil, agus na buntáistí agus an fhorbairt ar fad a gheallann fíor-éagsúlacht ag teacht leis sin.

Taobh istigh dár mballaí agus níos faide anonn, tá Ollscoil Luimnigh rathúil.

Oifig an Uachtaráin Ollscoil Luimnigh

Clár


01	Forbairtí Straitéiseacha	2
	• Forbairtí Straitéiseacha	2
	• Forbairtí Straitéiseacha Eile	4
02	Gradaim, Dámhachtainí, Éachtaí agus Rathúlacht na Mac Léinn	6
	• Gradaim	6
	• Dochtúireachtaí Oinigh	8
	• Onóracha agus Éachtaí	10
	• Gradaim agus Ceapacháin Eile	11
	• Léachtaí Tionscnaimh	13
	• Éachtaí na Mac Léinn	14
	• Éachtaí Spóirt	17
03	Taighde, Fiontraíocht agus Rannpháirtíocht	20
	• Taighde	20
	• Dámhachtainí Thaighde	25
	• Fiontraíocht	30
	• Rannpháirtíocht	31
	• Tionscnaimh Éagsúlachta	34
	• Clár Comórtha Céad Bliain	36
	• Na hEalaíona	37
	• Leabharlann Glucksman	39
	• Rannpháirtíocht Dhomhanda	40
04	Léargas Ginearálta ar an Ollscoil	44
	• Fíricí agus Fígiúirí	44
	• Buaicphointí Ollscoile	45
	• An tÚdarás Ceannais	47
	• Tuarascáil Airgeadais	48

01

FORBAIRTÍ STRAITÉISEACHA

Foirgneamh Analog Devices Ainmnithe mar Thogra Tógála na Bliana

Ainmníodh Foirgneamh Analog Devices in OL mar Thogra Tógála na Bliana in Éirinn ag Gradaim Foirgníochta agus Deartha na hÉireann 2016. Deartha ag ailtirí RKD, tógadh an foirgneamh taighde mar chuid de Thionscadal Bernal, chun obair na ndeich n-ollamh is fearr ar domhan a éascú ina gcuid teagaisc agus taighde. Rinne an Stát páirtmhaoiniú ar Thionscadal Bernal a chosain €54 milliún agus fuarthas formhór an mhaoinithe (70%) ó fhoinsí daonchairdis. Áiríodh leis seo síntiús suntasach ó Analog Devices.



Áras Analog Devices, Ollscoil Luimnigh



Léaráid na n-ailtirí d'ionad nua na mac léinn

Leathnú ar Leabharlann Glucksman

Tá obair thógála ar siúl ar Leabharlann Glucksman. Is é an aidhm saoráid den scoth a chruthú a fhreastalóidh ar riachtanais na hOllscoile i bhfad sa todhchaí agus a dhéanfaidh institiúid nuálach agus cheannródaíoch ar leith de OL. Cuirfear thart ar 6,000 méadar cearnach leis an leabharlann, agus déanfar áiseanna reatha na leabharlainne a uasghrádú. Cruthóidh an síneadh 1,000 suíochán breise. Cuirfear síneadh leis an áit a bhfuil na Bailiúcháin Speisialta agus beidh spásanna taispeántais, léitheoireachta, láithreoireachta agus digitithe ann chun tacú le húsáid acmhainní na leabharlainne, don taighde agus don churaclam. Cuirfidh na spásanna digiteacha, meán agus sonraí nuálacha ar leith saoráidí ar fáil do chruthú meán, chun láithreoireachtaí a chleachtadh agus don ríomhaireacht ardleibhéil. I measc na n-áiteanna nua nó athfhorbartha eile beidh seomra léitheoireachta na n-iarchéimithe, seomraí ranga cliste agus seomraí staidéir grúpa, leabharlann Eolaíochta Sláinte agus leabharlann Dlí.



Íomhá den tógáil mar a bhí faoi Nollag 2016

Reifreann rite ag Aontas na Mac Léinn ar ionad nua na Mac Léinn

I mí Aibreáin 2016, vótáil os cionn 78% de mhic léinn Ollscoil Luimnigh i bhfabhar tobhach céimnithe a thabhairt isteach chun ionad nua mac léinn a thógáil agus áiseanna spóirt níos fearr.

- Is é costas iomlán na dtionscadal €28,590,000. Clúdóidh an tobhach 55% agus maoineoidh an Ollscoil an 45% eile. Clúdóidh Ollscoil Luimnigh 100% de na costais chothabhála a mheastar a bheidh thart ar €12 milliún thar 20 bliain.
- I measc na bhforbairtí atá beartaithe tá ionad mac léinn nua a thógáil, páirceanna traenála Maguire a athfhorbairt, dhá pháirc uile-aimsire ilchuspóireacha nua, balla dreapadóireachta, pinníúr liathróide láimhe, linn tumadóireachta 25m agus athchóiriú ar an dara hurlár d'Airéine Spóirt OL.

FORBAIRTÍ STRAITÉISEACHA EILE

2015 / 2016

An Togra Forbartha Gairme

Sheol an Leas-Uachtarán Acadúil agus Clárathóir, an tOllamh Paul McCutcheon, an Togra Forbartha Gairme First Leanings, ag comhdháil Institiúid na gComhairleoirí Treorach i mí Feabhra. D'fhorbair an Rannóg Comharoideachais agus Gairmeacha (CECD) an togra le maoiniú SIDE. Dhear CECD an togra chun tacú le daltaí idirbhliana aistriú go rathúil ó oideachas meánscoile go hoideachas ardleibhéil. Bainfidh treoirchomhairleoirí agus comhordaitheoirí na hIdirbhliana úsáid as First Leanings chun tacú le daltaí a gcuid spéiseanna, a gcumas agus a roghanna a aithint agus chun eolas a fhorbairt ar rogha ábhar agus ar rogha cúrsaí ardoideachais.



Aiming Higher


Sheol an tAire Oideachais Jan O'Sullivan TD acmhainn eile, Aiming Higher - a Guide for Parents and Guardians.

- Is é cuspóir na cáipéise tuiscint phraiticiúil a thabhairt do thuismitheoirí ar an earnáil Ardoideachais agus cabhrú leo tacú lena bpáiste cinntí eolasacha a dhéanamh maidir le roghanna cúrsa agus gairme.
- Tugann sí eolas agus treoir maidir le cinnteoireacht, taighde a dhéanamh ar chúrsaí, an próiseas iarratais agus bealaí rochtana.

An tAire Oideachais agus Scileanna, Jan O'Sullivan TD

Seoladh Ionad na gCuariteoirí

Osclaíodh Ionad Cuairteoirí OL go hoifigiúil i nDeireadh Fómhair 2015. Rinne Plassey Campus Centre an fhorbairt seo, agus chomhoibrigh sé le príomhranna lena n-áirítear, an Rúnaí Corparáideach, Gnóthaí Corparáideacha, Alumni OL, Spórt OL agus Foirgnimh agus Eastáit. Feidhmeoidh an tIonad Cuairteoirí mar 'Dhoras Tosaigh' don Ollscoil. Tá sé mar aidhm aige pointe gairmiúil eolais a chur ar fáil do chuairteoirí agus eispéireas an chuairteora a fheabhsú trí eolas idirghníomhach agus taispeántáin fhísiúla a chur ar fáil a thaispeánann an Ollscoil. Tíocfaidh príomh-mhaoiniú an Ionaid ó shiopa earraí de chuid Ollscoil Luimnigh a léireoidh saothar ceardaithe áitiúla chomh maith.



Amharc ón aer ar Ollscoil Luimnigh & an tSionainn

02 GRADAIM, DÁMHACHTAINÍ, ÉACHTAÍ AGUS RATHÚLACHT NA MAC LÉINN

GRADAIM

Baineann dhá Roinn STEM OL amach Gradaim Chré-Umha Athena Swan

Ag tógáil ar Ghradam Cré-umha Athena SWAN a bhain an Ollscoil amach anuraidh, bronnadh Gradaim Roinne ar Roinn na Matamaitice agus na Staitisticí agus ar Roinn na nEolaíochtaí Beatha i Samhain 2015. Tá an líon is airde ban ag leibhéal Ollamh sa tír ag OL agus tá méadú tagtha ar chéatadán na nOllúna Cúnta ban ó 19% go 33% (is é 26% an meán náisiúnta). Tá OL tiomanta freisin do thionscnamh breise laistigh de Phlean Gníomhaíochta Athena SWAN na hOllscoile, chun a chinntiú gur mná iad 30% ar a laghad de na painéil ag gach Bord Roghnaithe agus Ardaithe Céime.

Gradam na Brataí Glaise

I mí Dheireadh Fómhair 2015, bhronn an Fhondúireacht um Oideachas Comhshaoil an Bhratach Ghlas ar an Ollscoil, Bratach a aithnítear go hidirnáisiúnta ag clár an Champais Ghlais de chuid An Taisce. Is scéim oideachais agus gradaim comhshaoil é Clár an Champais Ghlais a chuireann chun cinn an tábhacht atá le pobal uile an champais a chur san áireamh i mbainistiú agus i bhfeabhsú a chomhshaoil. Rinneadh tionscnaimh shuntasacha i réimsí an Chaomhnaithe Fuinnimh, na Bithéagsúlachta agus Taistil agus Iompair a shníomh isteach i saol an champais le dhá bhliain anuas. Léirigh comhiarrachtaí ó Rannán Foirgneamh agus Eastát OL agus Coiste an Champais Ghlais in OL an tiomantas fadtéarmach d'fheabhas leanúnach.

Gradaim Bhliantúla na Sábháilteachta ar Bhóithre

Bhí Taisteal Níos Cliste OL ar cheann de na buaiteoirí ag Gradaim Cheannródaithe na Sábháilteachta ar Bhóithre, de chuid an Údarais um Shábháilteacht ar Bhóithre, a bhí ar siúl i mí na Nollag 2015. Fuair an tionscnamh Taisteal Níos Cliste OL an Gradam Oideachais - Tríú Leibhéal as a gcuid oibre chun modhanna taistil inbhuanaithe a chur chun cinn, mar shampla siúl, rothaíocht, dul ar an mbus agus carr a roinnt. Le linn na Seachtaine Eolais in OL i mbliana, thug 4,500 mac léinn cuairt ar an seastán Taisteal Níos Cliste chun níos mó a fhoghlaim faoi thaisteal inbhuanaithe. Trí ghníomhaíochtaí eile cosúil le seiceálacha rothar saor in aisce agus oiliúint rothaíochta, cuidíonn an fhoireann lena chinntiú go bhfuil feacht leanúnach ann ar shábháilteacht ar bhóithre ar fud an champais.



Gradaim Thionscal na Cógaisíochta

- Fógraíodh SSPC – an tIonad Cógaisíochta Staide Soladaí agus Sintéise (SSPC), in OL, mar Ionad Taighde Cógaisíochta na Bliana agus mar bhuaiteoir Ghradam T&F ag Gradaim Thionscal na Cógaisíochta, a bhí ar siúl i mí Dheireadh Fómhair. Tugann na gradaim iomráiteacha seo aitheantas d'éachtaí taighdeoirí agus comhpháirtithe tionscail an SSPC, atá ar thús cadhnaíochta maidir le cógais leighis a dhéanamh don chéad ghlúin eile. Tugadh onóir do chomhpháirtithe tionscail agus taighde aonair SSPC freisin ag na Gradaim.
- Bhuaigh Grúpa Teicniúil Tionscail Bithchógaisíochta Gradam Comhghuaillíochta Comhpháirtíochta na Bliana. Is comhoibriú uathúil é an grúpa seo idir SSPC, NIBRT agus an tionscal bithchógaisíochta a ndéanann MSD, Allergan, Pfizer, Janssen Biologics, Amgen, Lilly, BioMarin, Sanofi Genzyme agus Regeneron ionadaíocht air.
- Cuireadh SSPC ar an ngearrliosta freisin do Ghradam Nuálaíochta Taighde SAM-Éireann 2016. D'oibrigh an Dr Patrick Frawley, an Dr Giuseppe Cogoni, an Dr Brian de Souza agus an Dr Denise Croker le hIonad Forbartha Próiseas Domhanda Pfizer chun an próiseas déantúsaíochta do chógais den scoth a fheabhsú. Bhain athdhearadh an phróisis úsáid as scileanna foirne poitigéirí, anailísithe agus innealtóirí agus mar thoradh air bhí éifeachtúlacht agus táirgiúlacht níos fearr ann.

Scoil Ghnó Kemmy - an t-aon Scoil as Éirinn ar Liosta Nua de Churaidh PRME na Náisiún Aontaithe

- I mbliana, thug na Náisiúin Aontaithe (NA) aitheantas do Scoil Ghnó Kemmy (KBS) as oideachas freagrach a chur ar fáil. Cuireadh KBS san áireamh ar liosta na gCuradh PRME de chuid na Náisiún Aontaithe, agus ba é an t-aon Scoil Éireannach é a bhí ar an liosta mór le rá seo.
- Is tionscnamh de chuid na NA é PRME (Prionsabail don Oideachas Bainistíochta Freagrach) chun freagracht a chothú agus a fhorbairt in oideachas bainistíochta, agus tá níos mó ná 600 Scoil Ghnó ar fud an domhain ag tacú leis an tionscnamh. Tá KBS ar cheann de na 29 curadh-scoil PRME ar fud an domhain. Aithníodh na Curadh-scoileanna mar cheannairí ainmnithe sa réimse seo a bhfuil sé mar aidhm acu cur le smaointeoireacht agus le ceannaireacht ghníomhaíochta ar oideachas bainistíochta freagrach i gcomhthéacs chlár forbartha inbhuanaithe na NA.

Comórtas Seedcorn Idir-Thrádáil Éireann

Bhuaigh an comhlacht nuathionscanta, Ocean Survivor, atá lonnaithe i Lárionad Nuálaíochta Nexus in OL, Comórtas Seedcorn Idir-Thrádáil Éireann i mbliana. D'fhorbair Kieran Normoyle, céimí Dearaidh agus Teicneolaíochta Táirgí OL, teicneolaíocht atá simplí le húsáid a mhaolaíonn éifeachtaí hipiteirme, agus a chothaíonn compord agus folláine mheabhrach i gcás ina dtagann duine slán. D'fhéadfadh sé tarlú i ndiaidh do dhuine a bheith nochta ar feadh 20-30 nóiméad i dtimpeallacht fhuar, go dtitfeadh teocht inmheánach an choirp go dtí faoi bhun 35 céim Celsius. Laghdaíonn teicneolaíocht Ocean Survivor an chailliúint inmheánach teasa seo agus aistríonn sí teas go dtí na horgáin riachtanacha. Is é Comórtas Seedcorn de chuid Idir-Thrádáil Éireann an comórtas gnó is mó do chuideachtaí luathchéime/ardfháis le duaischiste €280,000.

Gradam d'Obair Acadúil ar mhaithe le Teicneolaíocht Leighis

Bhronn Cumann Feistí Leighis na hÉireann Gradam d'Obair Acadúil ar mhaithe le Teicneolaíocht Leighis ar OL ag Gradaim Thionscail Teicneolaíochta Leighis na hÉireann. Bronnadh an gradam ar an Dr Éamonn de Barra, Roinn na hInnealtóireachta Meicniúla, Aerloingseoireachta agus Bithleighis (MABE) as comhoibriú taighde OL leis an gcuideachta iomráiteach feistí leighis Stryker. Rinne lucht acadúil san Institiúid Taighde Sláinte (HRI) in OL an taighde agus thug an IRC maoiniú faoin Scéim Comhpháirtíochta Fiontraíochta.

DOCHTÚIREACHTAÍ OINIGH

Is í an dochtúireacht oinigh an onóir is airde a bhronnann OL ar aon duine agus bronntar í ar dhaoine spreagúla a dhéanann obair mhór sa réimse ina bhfuil siad ag obair. I mbliana, ba mhór ag OL gradam oinigh a bhronnadh ar ochtar iontacha.



Paul O'Connell

Bhronn OL Dochtúireacht Oinigh le hEolaíocht ar Iar-Chaptaen Rugbaí na hÉireann, Paul O'Connell, i mí na Samhna.

Is é an Dr Paul O'Connell an 100ú duine ar bhronnadh Dochtúireacht Oinigh ó Ollscoil Luimnigh air ó 1990 i leith.

An Dr James McCarron

Bhronn an Ollscoil Dochtúireacht Oinigh le hEolaíocht ar an té seo arb é an stiúrthóir is faide ag Fondúireacht OL é, an Dr James McCarron Óg. Tá an Dr McCarron ina úireolaí iomráiteach a bhfuil cleachtas leighis aige i gCathair Nua-Eabhrac agus is Leas-Ollamh Cliniciúil é i gColáiste Leighis Weill Cornell in Ollscoil Cornell agus is Máinlia Cúnta é san New York Presbyterian Hospital.



An tOllamh John Cleland Watson Wylie

Bronnadh Dochtúireacht le dlíthe ar an Ollamh le dlí seo arb é príomhdhréachtóir an Achta um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha 2009 é.

Josephine Feehily

Bronnadh Dochtúireacht le hEolaíocht Eacnamaíoch ar an mbean seo arb í Cathaoirleach Údarás na bPóilíní í, an chéad chathaoirleach mná ar na Coimisinéirí Ioncaim, Cathaoirleach ar an Eagraíocht Dhomhanda Custaim agus Cathaoirleach ar Fhóram an ECFE do Riarachán Cánach.

Michael Flatley

Bronnadh Dochtúireacht le Litríocht ar an damhsóir, córagrafaí agus ceoltóir a bhfuil cáil idirnáisiúnta air.

Ali Hewson

Bronnadh Dochtúireacht le Litríocht ar an ngníomhaí, ar an daonnúlach agus ar an duine seo a raibh Gradam Daonnúil an Bhanphrionsa Grace faighte aici roimhe seo.

Peter Malone

Bronnadh Dochtúireacht le hEolaíocht Eacnamaíochta ar an bhfear seo arb é Iar-Chathaoirleach an Údaráis um Bóithre Náisiúnta, Aviva, CBRE Gunne Property Group agus an Fhóram Turasóireachta Gnó é agus Iar-Sheansailéir OL.

Adi Roche

Bronnadh Dochtúireacht le Litríocht ar an mbean seo arb í bunaitheoir Thionscadal Leanaf Searnóbaile Idirnáisiúnta í.



(C-D) Seansailéir, an Breitheamh Onórach John Murray, Príomh-Bhreitheamh, an Chúirt Uachtarach, Michael Flatley, Adi Roche, Ali Hewson, Peter Malone, Josephine Feehily, an tOllamh John Cleland Watson Wylie agus an tOllamh Don Barry, Uachtarán OL ag an searmanas Dochtúireachta Oinigh in Aibreán 2016.

ONÓRACHA AGUS ÉACHTAÍ

Onóir Tugtha d’Alumni ag Ócáid Bhliantúil na nGradam

Thug Cumann Alumni OL (ULAA) an onóir is airde do thriúr de scothchéimithe na hOllscoile ag an 10ú Dinnéar Mór do Ghradaim Alumni OL. Tugadh onóir don ealaíontóir Éireannach cáiliúil Alice Maher, don fhiontraí rathúil Kieran Curran agus do réalta camógaíochta Chorcaí Anna Geary ag an searmanas. Rinne Banc na hÉireann, Analog Devices Ireland, GE Capital Aviation Services, Hays Recruitment, Hogan Dowling McNamara Solicitors agus Stryker Ireland urraíocht ar an ócáid.

Comhpháirtíocht don Tionscadal Comhionannais Sláinte

Cuireadh clinici na nDochtúirí Teaghlaigh do ghrúpaí imeallaithe i gCathair Luimnigh, arna réachtáil ag an Dr Patrick O’Donnell ó GEMS, ar an ngearrliosta do Ghradaim Feabhais Sláinte FSS 2016. Bhunaigh an Chomhpháirtíocht um Chothromas Sláinte (PHE) na clinici seo - comhpháirtíocht idir GEMS OL, FSS agus Scéim Oilíúna Dochtúirí Teaghlaigh Chathair Bhaile Átha Cliath Thuaidh. Oibríonn foireann na Comhpháirtíochta chun taighde a dhéanamh ar shláinte grúpaí imeallaithe, cúram a sholáthar do bhaill na ngrúpaí seo agus lucht cúraim sláinte na todhchaí a mhúineadh faoin gcineál cúraim seo. Cuireadh an tionscadal sa 14 is fearr i réimse ina raibh os cionn 400 iontráil. Fuair na Clinici maoiniú ó Chiste Carthanachta JP McManus chomh maith. Úsáidfean an maoiniú seo chun íoc as trealamh ríthábhachtach chun a chinntiú go n-oibreoidh siad go sábháilte agus go héifeachtúil, lena n-áirítear cuisneoirí chun vacsaíní a stóráil a úsáidtear chun ionfhabhtuithe coitianta a chosc agus chun tástálacha fola diagnóiseacha a dhéanamh.

Saoirse Chluain Meala Bronnta ar an Ollamh Mícheál Ó Súilleabháin

Bronnadh Saoirse Chluain Meala ar an Ollamh Mícheál Ó Súilleabháin, Stiúrthóir Emeritus Dhámh Chruinne Éireann Rince agus Ceol, i mí Eanáir ag Halla Chluain Meala. I measc iad siúd a fuair Saoirse Chluain Meala roimhe seo bhí Charles Stewart Parnell (1855), William Gladstone (1886), Constance Markievicz (1917), an tUachtarán Éamon DeValera (1960), an tUachtarán Máire Mhic Róibín (1993) agus an tUachtarán Máire Mhic Ghiolla Íosa (1999).

Gradam Seirbhíse an Chumann Tionscail Cheimiceach Bronnta ar an Dr Gordon Armstrong

I mí Iúil, bronnadh Gradam Scotsheirbhíse an Chumann Tionscail Cheimicigh (SCI) ar an Dr Gordon Armstrong, Oifigeach Tacaíochta Eolaíochta ag MSSSI, ag an 135ú Cruinniú Cinn Bhliana a tionóladh i Londain. Déanann an gradam ceiliúradh ar obair agus ar thiomantas na mball seanbhunaithe i ngach cuid de SCI, áit a dtugann siad a gcuid ama mar oibríthe deonacha chun comhdhálacha a eagrú, eagarthóireacht nó athbhreithniú piaraí a dhéanamh ar ábhar a foilsíodh in irisí SCI, a ndíograis a roinnt, nó a gceannaireacht agus a bhfís a roinnt chun gníomhaíochtaí grúpaí réigiúnacha nó teicniúla a choinneáil ag dul.

Bonn Óir Boyle Higgins Bronnta ar an Ollamh Kieran Hodnett

Mar aitheantas ar a chion ar son na Ceimice, bronnadh Bonn Óir Boyle Higgins 2016 Institiúid Ceimice na hÉireann ar an Ollamh Kieran Hodnett. Tá an tOllamh Hodnett ina bhall den roinn Eolaíochtaí Ceimiceacha agus Comhshaoil in OL agus ina Stiúrthóir Eolaíochta ar an SFI. Bronntar Bonn Boyle Higgins gach bliain ar thaighde i réimsí na glancheimice, na ceimice feidhmí nó na ceimice tionsclaíche ar obair atá thar a bheith tábhachtach agus a aithnítear go hidirnáisiúnta mar obair shuntasach chun an Cheimic a chur chun cinn.

GRADAIM & CEAPACHÁIN EILE

2015 / 2016

Cheap an tAire Richard Bruton an Dr Michelle O’Sullivan ón Roinn Caidreamh Pearsanra agus Fostaíochta chuig an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre. Tarraingeoidh an comhlacht nua, a seoladh i mí Dheireadh Fómhair, feidhmeanna chóras feidhmithe na gceart fostaíochta le chéile lena n-áirítear an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais, an tÚdarás Náisiúnta um Chearta Fostaíochta agus an Binse Comhionannais. Ceapadh an Dr O’Sullivan mar dhuine de thriúr ball neamhspleách ar an mBord.

Bronnadh Gradam Cré-umha Réaltaí QS/Wharton ar an Dr Patrick Buckley agus ar an Dr Elaine Doyle ag searmanas Ghradam Reimagine Education a tionóladh i Scoil Ghnó Wharton in Philadelphia. I mbliana, chuir 520 ollscoil as breis is 50 tír isteach ar an gcomórtas. Fuair an Dr Buckley agus an Dr Doyle a ngradam sa chatagóir Eorpach, a thugann aitheantas do na hiontrálacha is fearr ó gach cearn den Eoraip. Tá a gcuid oibre dírithe ar úsáid a bhaint as margáí tuartha mar uirlisí teagasc.

Bhuaigh Peter Reilly, Leabharlannaí KBS, Gradam Teagasc agus Foghlama Náisiúnta CONUL 2015 (Cuibhreannas Leabharlann Náisiúnta agus Ollscoile), as barr feabhais/nuálaíocht i réimse na litearthachta faisnéise agus an teagasc in Éirinn. Fuair Reilly maoiniú le haghaidh forbairt ghairmiúil nó gníomhaíocht a bhaineann le tionscadail agus déanfaidh sé cur i láthair ag Comhdháil Bhliantúil Litearthachta Faisnéise Leabharlannaithe na Ríochta Aontaithe a bheidh ar siúl in UCD i Márta 2016.

Bhuaigh an Dr Patrick O’Donnell Gradam Scoláire Domhanda Montegut de chuid Bhord Meiriceánach an Fhorais Leighis Teaghlaigh ag Comhdháil na hEorpa um Eagraíocht Dochtúirí Teaghlaigh (WONCA) in Iostanbúl. Réachtáil sé trí cheardlann agus thug sé cur i láthair ó bhéal ar a chuid oibre ar an tionscadal Comhpháirtíochta um Chothromas Sláinte.

Bronnadh gradam Scoláire Chumann Cuntasaíochta agus Airgeadais na hÉireann (IAFA) ar Orla Lenihan, as KBS. Tacaíonn an gradam náisiúnta seo le scoláirí luathghairme i bpobal cuntasaíochta agus airgeadais na hÉireann. Fuair Lenihan an gradam as a taighde nuálach a rinne iniúchadh ar an gcaoi a ndéanann gnólachtaí na Stát Aontaithe feidhmíocht Príomhfheidhmeannach a mheas chun críocha cúitimh trí scrúdú a dhéanamh ar na tagarmharcanna agus na spriocanna a áirítear sna conarthaí bónais.

Bronnadh an chéad agus an dara háit, faoi seach, ar na taighdeoirí Catriona Dowling agus Sylvia Murphy, a oibríonn leis an Dr Patrick Kiely, Léachtóir Sinsearach GEMS le Bitheolaíocht Mhóilíneach, sa chomórtas inmheánach cumarsáide eolaíochta FameLab.

Bronnadh áit mhaoinithe ar Bhríd Davis, iarrthóir PhD agus ball de Ghrúpa Taighde ar Lagú Cognaíoch Síciatrachta GEMS, sa scoil oiliúna ar an Líonra Eorpach le haghaidh comh-mheastóireachta Teicneolaíochtaí Sláinte Naschta, a bhí ar siúl i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath i mí na Nollag. Dhírigh an scoil oiliúna ar ghnáth-aistriú sonraí go heolas agus peirspictíochtaí modheolaíochta.

Toghadh Léachtóir Sinsearach le Bitheolaíocht Mhóilíneach GEMS, an Dr Patrick Kiely, mar Rúnaí ar Chumann Taighde Ailse na hÉireann (IACR). D'eagraigh sé an chomhdháil bhliantúil a réachtáladh i gCorcaigh i mí Feabhra, ar fhreastail taighdeoirí ailse ó gach cearn den tír uirthi. Chuir taighdeoir iardhochtúireachta amháin agus cúigear mac léinn PhD ó GEMS póstaer i láthair ag an gcomhdháil. Bhuaigh Catriona Dowling duais as a póstaer dar teideal 'Protein Kinase C Beta II Suppresses Colorectal Cancer by Regulating IGF1-Mediated Cell Survival'. Athcheapadh an Dr Kiely freisin mar Scrúdaitheoir Seachtrach do Leigheas Bonnleibhéil i gColáiste Ríoga na Máinlianna (RCSI), Baile Átha Cliath, agus i gColáistí Leighis Bhairéin agus Penang.

Ceapadh an Dr Ken Byrne ó Roinn na nEolaíochtaí Beatha de chuid OL mar an Saineolaí Idirnáisiúnta d'Ardán Polasaí Eolaíochta Idir-Rialtasach na NA maidir le Seirbhísí Éiceachórais agus Bithéagsúlachta. Is é an Dr Byrne an príomhúdar ar an measúnú téamach ar dhíghrádú agus athchóiriú talún.

Tugadh cuireadh don Ollamh Michael Larvin, Ceann GEMS, a bheith ina scrúdaitheoir seachtrach do Dhámh an Leighis in Ollscoil Náisiúnta & Kapodistrias na hAithne, an Ghréig. Ina theannta sin, chuaigh sé ar Choiste Náisiúnta Comhairleach um Cheapacháin Chomhairleacha FSS i mí Lúnasa 2016, mar chathaoirleach reatha i mbun ionadaíochta ar Chomhairle Dhéin Dámh le Scoileanna Leighis in Éirinn (CDFMSI).

Fuair Laura Murphy, Stiúrthóir an Chúrsa, MA Dance Performance, dámhachtain Damhsóra Chónaitheigh ón gComhairle Ealaíon do 2015-16. Is é seo an ceathrú tréimhse aici. Oibroidh sí le damhsóirí pobail agus le damhsóirí gairmiúla ar thionscadail éagsúla le linn na cónaitheachta agus beidh sí ag plé le córagrafaíocht nua le haghaidh ensemble d'ocht damhsóirí ag Féile Samhraidh Chorcaí 2016.



Teach Phleasaí san oíche

LÉACHTAÍ TIONSCNAIMH

An tOllamh Ursel Bangert

Thug Cathaoirleach Bernal i Micreascópacht agus Íomháu a léacht tionscnaimh dar teideal 'Is there "plenty of room at the bottom"? - seeing and manipulating atoms in the electron microscope' i nDeireadh Fómhair 2015.

An tOllamh Fiona Murphy

Thug an tOllamh le hAltranas Cliniciúil in OL agus i nGrúpa Ospidéal OL an léacht 'Bedpans, baby and bathwater: the rise and fall (and possible rise again) of nursing theory' mar léacht tionscnaimh i mí na Samhna 2015.

An tOllamh Cathal Walsh

Thug Cathaoirleach na Staitisticí i nDámh na hEolaíochta agus na hInnealtóireachta a léacht tionscnaimh i mí na Samhna 2015. Ba é teideal a léachta 'The Mathematics of Decision: Healthy Bayesian Statistics'.

An tOllamh Edmond Magner

Thug an tOllamh le Leictriceimic a léacht tionscnaimh i mí Eanáir 2016. Ba é teideal na léachta "Proteins on Surfaces".

An tOllamh John Forbes

Thug an tOllamh le hEacnamaíocht Sláinte ag an Scoil Leighis Iontrála Iarchéime an chéad léacht tionscnaimh in 2016 i mí Eanáir, dar teideal 'Economists can be good for your Health'.

An tOllamh Shane Kilcommíns

Thug an tOllamh le DLÍ a chéad léacht tionscnaimh i mí Feabhra 2016. Ba é teideal na léachta 'The Victim in the Irish Criminal Process'.

An tOllamh Paul Conway

Thug an tOllamh le hOideachas Múinteoirí ag Dámh an Oideachais agus na nEolaíochtaí Sláinte léacht tionscnaimh dar teideal 'The Good Teaching Quest (ion)' i Márta 2016.

An tOllamh Bernadette Andreosso

Thug an tOllamh le hEacnamaíocht in OL, a léacht tionscnaimh i Márta 2016, dar teideal "Economics: A Dismal Science in search of a metamorphosis?"

An tOllamh Gary Walsh

Thug Cathaoirleach na Bithcheimice Tionsclaíche i Roinn na hEolaíochta Comhshaoil agus na Ceimice a léacht tionscnaimh in Aibreán 2016. Ba é teideal a léachta 'Proteins and their applications: from biopharmaceuticals to biofuels.'

ÉACHTAÍ NA MAC LÉINN

Gradaim an Uachtaráin d'Obair Dheonach

I mbliana, tugadh onóir do níos mó ná 270 mac léinn OL ag searmanas bliantúil Ghradaim an Uachtaráin don Obair Dheonach (PVA), as 17,000 uair an chloig d'obair dheonach a dhéanamh thar raon eagraíochtaí carthanachta. D'oibrigh siad ar thionscail ar nós Pieta House, na Fórsaí Cosanta Cúltaca agus clubanna oibre baile agus bhailigh siad airgead do réimse leathan carthanas agus d'fhorbair siad tionscnaimh chun cuidiú, mar shampla, le leanaí breoite a n-eagla roimh dhochtúirí agus ospidéal a sháru. Ag searmanas PVA na bliana seo seoladh suíomh gréasáin ardoideachais nua d'obair dheonach na mac léinn, StudentVolunteer.ie. Is ardán náisiúnta ar líne é seo a nascann mic léinn ar mian leo obair dheonach a dhéanamh le heagraíochtaí a thairgeann poist dheonacha.



Ócáid Cheiliúrtha Aontas na Mac Léinn

I mí an Mheithimh, reáchtáil Aontas na Mac Léinn OL ócáid in Ionad na Mac Léinn inar seoladh a bplean straitéiseach agus bronnadh seiceanna ar cheithre charthanais áitiúla arbh fhiú €16,000 iad san iomlán.

- Mairfidh an plean, 'Taking Giant Steps', ó 2016 go 2020. Díríonn sé ar cheithre phríomhréimse; Rannpháirtíocht na Mac Léinn, Áiseanna agus Seirbhísí na Mac Léinn, Rialtas na Mac Léinn agus Bainistíocht an Aontais. Cuimsíonn an straitéis pleananna chun ionad mac léinn agus saoráidí spóirt feabhsaithe nua a thógáil, clubanna agus cumainn na hOllscoile a fhorbairt agus faisnéis a sholáthar agus tús a chur le feachtais feasachta chun tacú le mic léinn, go háirithe i réimsí na meabhairshláinte agus na folláine.
- Bronnadh seiceanna ó Sheachtain Charthanachta na bliana seo ar Corbett Suicide Prevention Patrol, BUMBLEance, Ionad Buail Isteach Naomh Uinseann de Pól agus Rothair Fola an Lár-Iarthair & Rothair Fola an Iarthair.

- Bhí bliain iontach in oifig ag Colin Clarke, Uachtarán ULSU, Ciara Corcoran, Leas-Uachtarán/Oifigeach Leasa agus Marian O'Donnell, Leas-Uachtarán/Oifigeach Acadúil. Rith siad reifreann le haghaidh ionad nua mac léinn agus saoráidí spóirt ar fiú €28 milliún iad, d'éirigh leo stocaireacht a dhéanamh ar an Ollscoil chun Leas-Cheann Comhairleoireachta nua lánaimseartha a fhostú, rinne siad athbheochan ar an nuachtán campais 'An Focal' agus seoladh na Gradaim nua Rogha na Mac Léinn.

- I mí na Samhna, reáchtáil GEMS an 2ú Comhdháil Taighde Bliantúil ar Dhorchla an Atlantaigh, arna eagrú ag an Ollamh Deirdre McGrath, Stiúrthóir Oideachais GEMS. Bhí mic léinn agus baill foirne leighis ó na trí institiúid i láthair chomh maith le baill foirne agus mic léinn ó Dhámh an Oideachais agus na nEolaíochtaí Sláinte in OL. Thug an tOllamh Colum Dunne, Stiúrthóir Taighde GEMS, an phríomh-Léacht Iomlánach. Bhuaigh Mac Léinn Leighis OL David Lynch duais don Chur i Láthair Béil is Fearr do Thaighde Cliniciúil as a staidéar ar 'Sentinel Node Biopsy in Breast Carcinoma'.

- Fuair Maurice O'Connell, mac léinn PhD de chuid GEMS OL, Scoláireacht Chomhdhála um Líonra Taighde Modheolaíochta Trialacha an Bhoird Taighde Sláinte (HRB) 2015. D'fhreastail sé ar an gcomhdháil 'REWARDEQUATOR' chun labhairt faoi luach a mhéadú agus dramhaíl a laghdú i dtaighde bithleighis.

- Bronnadh duaiseanna ar dhá chéimí Gnó Idirnáisiúnta, Mark Barrow agus Catriona Ryan, sa chomórtas Scríbhneoireachta Cásanna Gnó Accenture/OL as a gcuid taighde cáis. Bhain Mark an cás-staidéar ab fhearr as a chuid oibre ar 'FATCA – The End of Tax Evasion'. Bhí 'The Abolishment of the Milk Quota' le Catriona Ryan sa dara háit.
- Bhí na mic léinn Gnó Idirnáisiúnta, Fionan Coughlan, Aleksandr Zibzibadze agus Imededdine Abnoun, sa bhábhta ceannais i nGradaim Nuálaíochta Alltech na bliana seo. D'fhorbair an fhoireann córas gabhála meatáin don tionscal talmhaíochta agus bhuaigh siad €1,000 dá dtogra nuálaíochta gnó.

- Bhronn Aireacht Gnóthaí Eachtracha na Seapáine scoláireacht ar Paul Finn, mac léinn le Teangacha Feidhmeacha, chun freastal ar Chlár Mirai, áit ar bhuail 70 mac léinn as os cionn 30 tír san Eoraip, Lár na hÁise agus Réigiún Cugais le chéile sa tSeapáin chun staidéar a dhéanamh ar pholaitíocht, ar stair agus ar an ngeilleagar.
- Bhronn Ambasadóir na Fraince duaiseanna ar mhic léinn na dTeangacha Feidhmeacha, Rosemary Hynes agus Rachel McCourt, i rith Shiompóisiam na Fraince/na hÉireann, as torthaí den scoth a bhaint amach agus iad ar Erasmus sa Fhrainc.

- Ba é mac léinn OL, Jonathan Salin, an té a bhuaigh Comórtas Dearaidh Coincréite Idirnáisiúnta 2015/2016, agus ba é Meiteamorfóis an téama a bhí ann. Roinn na buaiteoirí duaischiste €3000 agus d'fhreastail siad ar mháistir-rang Idirnáisiúnta i nDearadh Coincréite i mBeirlín i mí Mheán Fómhair. Tá an comórtas á mhaoiniú ag Cement Manufacturers Ireland.

- Bhuaigh céimí Iriseoireachta OL Hilary McGann dhá ghradam mhóra iriseoireachta - Gradam Iriseora Óg na Bliana an Sunday Times agus Gradam Iriseoireachta Craolacháin Beo 95 FM Luimnigh. Bhuaigh McGann Gradam Iriseora Óg an Sunday Times 2015.
- Bhuaigh mac léinn Iriseoireachta OL, James Nolan, Gradam Iriseoir Spóirt na Bliana an Irish Examiner 2015.

- Bronnadh Duais Chuimhneacháin Dermot Foley, Baitsiléir Ealaíon (Bainistíocht Acmhainní Daonna), urraithe ag an Rannóg Acmhainní Daonna, ar Annette Clancy agus Duais Chuimhneacháin John Lovett, Baitsiléir Staidéar Gnó (HRM), a bhí urraithe ag teaghlach Lovett, ar David Watters.

- Bhronn Fondúireacht Ollscoile na hÉireann agus Ceanada Scoláireacht Taighde James M Flaherty ar Eva Barrett, mac léinn PhD le Teiripí Cliniciúla. Leis an ngradam tugann an buaiteoir cuairt sé seachtaine ar Ollscoil Laval i Québec leis an Ollamh Jean Sebastien Roy, agus é mar aidhm aige comhoibriú taighde idirnáisiúnta ar phian ghualainne a fhorbairt sa dá institiúid. Tá na Dr Karen McCreesh agus Kieran O’Sullivan i mbun stiúthóireachta uirthi.

- Bhronn Cumann na hÉireann um Stair na mBan Deontas Taistil Anna Parnell ar mhac léinn PhD sa Stair, Rita McCarthy.

- D’éirigh le mac léinn Law Plus, Alan McCabe, tréimhse a fháil ar Chlár Intéirneachta Samhraidh Los Angeles 2016.

- Ba é Darren Monahan, iarchéimí SAUL, buaiteoir comórtais chun cathaoir a dhearadh agus a dhéanamh do Mhúsaem Ealaíon Nua-Aimseartha na hÉireann mar chuid dá dtaispeántas nua dar teideal; ‘What We Call Love’. Mar chuid den taispeántas bhí saothair ó ealaíontóirí idirnáisiúnta lena n-áirítear Picasso, Damien Hirst, Andy Warhol agus Yoko Ono. Dhear Monahan suíochán suirí Victeoiriach a rinneadh as sraithadhmaid beithe, corda buinsithe agus leathar paitinne - craiceann muice.

- Ainmníodh mac léinn KBS, Katie Whelan, a d’fhorbair bealach nuálach chun aird a tharraingt ar mheabhairshláinte dhearfach tar éis dá col ceathrar lámh a chur ina bás féin, mar Dhuine na Bliana 2015 i Luimneach. Chuir tionscadal Katie, Lisa’s Lights, teachtaireachtaí dearbhaithe saoil ar Dhroichead Thuamhumhan.

- Bronnadh Gradam Scoláireachta Sármaith KBS/Northern Trust ar mhic léinn Gnó agus Bainistíochta OL ag searmanas i mí Aibreáin. Tugann na gradaim aitheantas do na caighdeáin ghnóthachtála acadúla is airde thar 37 Clár Teastais, Dioplóma, Céime, Dioplóma Iarchéime agus Máistreachta. Bhronn an Dr Philip O’Regan, Déan KBS agus Clive Bellows, Stiúrtóir Bainistíochta na hÉireann as Northern Trust teastas ar 56 mac léinn. Bronnadh Duais Chuimhneacháin Louise Newman ar an gcéimí Árachais OL is fearr, Mark O’Callaghan.

- Ba é Matthew Gleeson, taighdeoir MSSSI agus mac léinn PhD, Roinn na Fisice agus an Fhuinnimh, buaiteoir chomórtas Íomhá Taighde na Bliana SFI dá phictiúr ‘Lightning Wires’. Roghnaíodh an íomhá ó bhreis is 40 iontráil ag Cruinniú Mullaigh Eolaíochta SFI. Is í iontráil Gleeson ná micrea-sreanga niabáite sóidiam hidráitithe a sintéisíodh go hidriteirmeach.

- Bhain foireann de mhic léinn OL an chéad duais amach ag comórtas Ríomhchlárúcháin Códúróbait Náisiúnta 2016 a reáchtáladh an 10 Márta mar chuid de Fhleadh Cluichí 2016 ag Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh, Tiobraid Árann. I measc buaiteoirí na bliana seo, ar a dtugtar ULRainbowWarrior, bhí mic léinn Forbartha Cluichí Ríomhaireachta; David Ryan, David Ryley agus Christopher Brady.

- Bhunaigh Atlantic Projects Company (APC), cuideachta a ghineann cumhacht, sparánacht le Roinn na hInnealtóireachta Meicniúla, Aerloingseoireachta agus Bithleighis san Ollscoil. Is é atá sa dámhachtain ná €5,000 móide áit ar a gclár innealtóireachta iarchéime dhá bhliain. Bhuaigh an mac léinn Innealtóireachta Meicniúla Laurence Fennell.

ÉACHTAÍ SPÓIRT

Cluichí Oilimpeacha Rio 2016

Ghlac beirt mhac léinn OL páirt i gCluichí Oilimpeacha Rio 2016. Chuaigh Thomas Barr agus Michelle Finn san iomaíocht sa chliathrás 400m agus sa léimrás 3,000m faoi seach. Bhailigh os cionn 700 duine in Airéine OL chun iad a fheiceáil ag dul san iomaíocht d’Éirinn. I measc an lucht féachana bhí; foireann, mic léinn, clubanna reatha áitiúla, páirtithe traenála, Leas-Uachtarán Acadúil agus Clárartheoir an tOllamh Paul McCutcheon, Stiúrtóir Spóirt, Dave Mahedy agus cóitseálaithe Thomas, Drew agus Hayley Harrison chun féachaint ar an iomaitheoir Oilimpeach. Tháinig Barr sa 4ú háit sa Chliathrás 400m.

Ní iomaitheoirí OL amháin a bhí bainteach leis na Cluichí Oilimpeacha. Thug an Dr Giles Warrington cuairt ar Rio i mí an Mhárta mar chuid de na hullmhúcháin dheireanacha a rinne Foireann na hÉireann le haghaidh Cluichí Oilimpeacha Rio 2016. Is é an Dr Warrington an Príomhchomhairleoir Eolaíochta Spóirt do Chomhairle Oilimpeach na hÉireann agus bhí sé ina Bhainisteoir Foirne ag an gcampa traenála Réamh-Chluichí Oilimpeacha in Uberlandia, an Bhrasaíl.



Seoladh OL Beo

Is tionscnamh é OL Beo a bhfuil sé mar aidhm aige OL a bheith ina timpeallacht den scoth le haghaidh cleachtaidh agus taighde ar Spórt agus Gníomhaíocht Choirp. Faoi stiúir Gary Ryan ó Roinn an Chorpóideachais agus na nEolaíochtaí Spóirt (PESS), tacóidh OL Beo le forbairt tionscadal nua i ngníomhaíocht fhisiciúil agus sláinte, stíl mhaireachtála agus spóirt feidhmíochta. Seoladh OL Beo ag céad Léacht bhliantúil Pat Duffy, a thug an Dr Keith Wood agus an Banbharún Sue Campbell, iarchathaoirleach ar UK Sport.




Scoláireachtaí Spóirt seolta

I mí na Bealtaine, sheol OL sraith nua Scoláireachtaí Spóirt chun tacú le lúthchleasaithe scothaicme agus iad ag tabhairt faoin spórt agus iad ag tabhairt faoi staidéar san Ollscoil. Tá trí leibhéal dámbachtana, Ór, Airgead agus Cré-umha agus luach suas le €10,000 ag leibhéal Óir. Tá an scéim scoláireachtaí oscailte do gach mac léinn reatha in OL, do gach mac léinn reatha san Ardeistiméireacht nó dóibh siúd atá ag déanamh iarratais ar OL den chéad uair tríd an CAO nó trí aistriú ag leibhéal fochéime nó iarchéime.



Scoláirí Spóirt 2016, sa phictiúr leis an Ollamh Paul McCutcheon



Rob Mortell ar an Éireannach is óige chun mullach Everest a bhaint amach

Ba é Rob Mortell, céimí Dlí agus Cuntasaíochta, an duine Éireannach ab óige chun mullach Everest a bhaint amach an 25 Bealtaine ag 6.00am am na hÉireann.

03 TAIGHDE, FIONTAR AGUS RANNPHÁIRTÍOCHT

TAIGHDE

I mí Eanáir, sheol Damian English TD, an tAire Scileanna, Taighde agus Nuálaíochta straitéis taighde OL 'Excellence and Impact 2020'. Sa straitéis nua díreann ar shármhaitheas taighde agus ar staid na hollscoile a threorú mar cheannaire ar thaighde aistriheach agus mar scothchomhpháirtithe sa tionscal agus ag an am céanna díreann inti ar shíneadh a chur lenár raon domhanda. Cuimsíonn sé ceithre chuspóir: Sármhaitheas Taighde, Tionchar Taighde, Infheistíocht i nDaoine agus Raon Idirnáisiúnta.

I measc na bpríomhspríocanna don straitéis cúig bliana tá:

- Méadú 20% ar an líon a chláraíonn ar dhochtúireacht
- Méadú 100% ar líon na ndaoine a chláraíonn ar dhochtúireacht go páirtaimseartha agus ar dhochtúireacht atá bunaithe ar fhostaíocht.
- Méadú 30% ar líon na bhfoilseachán in iriseáin atá sa 10 bpeircintíl is fearr.
- An t-ioncam ó fhoinsí maoinithe Eorpacha a dhúbailt i gcomparáid leis an ioncam a baineadh amach faoi FP7.
- Oiliúint tráchtálaithe agus fiontraíochta a bhunú do gach comhalta foirne agus mac léinn, agus tús a chur le gníomhaíochtaí campa fiontraíochta leathnaithe do dhaltai dara leibhéal agus do mhic léinn tríú leibhéal.
- Méadú 25% ar líon na gcuideachtaí nua.
- Méadú 20% ar ioncam taighde ón tionscal.



(C-D) An tOllamh Don Barry, Uachtarán OL, Damian English TD, an tAire Scileanna, Taighde agus Nuálaíochta & an Dr Mary Shire, Leas-Uachtarán Taighde OL

Tugann taighde in OL aghaidh ar réimsí atá tábhachtach do shocháil na hÉireann, mar shampla oideachas, teangacha, cúram sláinte agus cuimsiú sóisialta. Tá tionchar suntasach aige freisin ar earnálacha atá rithábhachtach do gheilleagar na hÉireann, cosúil le cógaisíocht, teicneolaíocht leighis, bogearraí, cumarsáid, bia agus fuinneamh.

Tá an straitéis ag teacht go hiomlán le huaimhian an Rialtais mar atá leagtha amach i Nuálaíocht 2020 - an straitéis nua do Thaighde agus Forbairt, Eolaíocht agus Teicneolaíocht.




Labhraíonn an tOllamh Don Barry, Uachtarán OL, ag an ócáid seolta

100 Bliain d'Anatamaíocht Ceartaithe

Tá taighde nua faoi stiúir an Ollaimh le Máinliacht, J. Calvin Coffey, Scoil Leighis Iontrála Iarchéime, OL agus Máinlia Colaiceiteach, Ospidéal na hOllscoile, Luimneach (UHL) tar éis diúltú do chéad bliain d'anatamaíocht bhoilg bhréige a cheartú trí mhéiseintre an duine a athmhapaíl. Fuair taighde an Ollaimh Coffey amach gur struchtúr níos simplí é anatamaíocht an bhoilg ná mar a measadh roimhe seo. In athbhreithniú a foilsíodh in eagrán mhí na Samhna de cheann de na hirísí leighis is fearr, The Lancet Gastroenterology & Hepatology, thug an tOllamh Coffey breac-chuntas ar an bhfianaise a bhaineann leis an méiseintre a rangú mar orgán.

I gcomhar leis an Ollamh Peter Dochery agus leis an Dr Fabio Qunadematteo (OÉG), agus leis an Ollamh Colum Dunne (GEMS/OL), chuir an fhoireann le chéile uirlisí imscrúdaithe iomadúla lena n-áirítear íomháu 3D chun struchtúr ceart anatamaíoch na méiseintre a mhapaíl go hiomlán. Foilsíodh a gcuid torthaí le déanaí in Annals of Surgery, an phríomhírís mháinliachta ar fud an domhain, agus in Journal of Anatomy, The Surgeon, Colorectal Disease agus go leor irisí eile. Spreag an taighde nuashonrú san eagrán is déanaí de cheann de na téacsleabhair leighis is cáiliúla ar domhan, Gray's Anatomy.



An tOllamh Calvin Coffey

Ábhar Deisiúcháin Cnámh Forbartha ag OL agus Stryker

D'fhorbair taighdeoirí OL, i gcomhar le foireann taighde agus forbartha Stryker, an chéad ábhar deisiúcháin cnámh a chruthaíonn hidrocra-apaítít is féidir a instealladh agus atá ceadaíte ag an FDA le húsáid i ngnáthaimh néarmhíochaine. Is éard atá i DirectInject™ ná Sumint Fosfáite Caiciam a úsáidtear chun lochtanna cnámh a tharla de bharr gnáthaimh mháinliachta a líonadh, mar shampla i máinliacht eiscthe ar mheall san inchinn, nó mar thoradh ar thráma. Tá táirgí traidisiúnta ar an margadh sa réimse seo bunaithe ar fhormáid púdair agus leachta, áit a ndéanann an máinlia an púdar agus an leacht a mheascadh agus an tsuimint a aistriú i steallaire sula n-úsáidtear é. Ní mór an próiseas measctha seo a dhéanamh san obrádlann toisc go gcuann an meascán go tapa agus ní féidir é a úsáid tar éis tréimhse ghearr. Athraíonn an táirge nua an t-amlíne sin. Tá ceaduithe rialála á ndéanamh ar DirectInject™ faoi láthair do réimse dlínsí domhanda eile. Rinne taighdeoirí i dTionscadal Bernal agus an HRI in OL an taighde seo agus tá sé maoinithe ag an IRC faoin Scéim Comhpháirtíochta Fiontraíochta.



(C-D) An Dr Éamonn de Barra, OL, John Scanlan, Stryker & Aoife Culliton, mac léinn PHD OL urraithe ag Stryker

Fionnachtain in Ailse Dhrólainne

Tá taighde ar siúl ag Catriona Dowling, mac léinn PhD OL sa bhliain dheireanach, faoinár gcumas toradh marthanais d'othair ailse drólainne a thuar. Rinne an Dr Pat Kiely de chuid OL maoirseacht ar an taighde a bhfuil a shaotharlann taighde ailse bunaithe sa Scoil Leighis Iontrála Iarchéime (GEMS) agus rinneadh é i gcomhar leis an Ollamh Calvin Coffey ag GEMS agus Ospidéal na hOllscoile, Luimneach. Tá taighde Dowling dírithe ar an gcaoi a ndéantar grúpa próitéiní ar a dtugtar Próitéin Kinase C a dhínádúró in othair ailse drólainne agus tá sé léirithe ag an obair conas a d'fhéadfaimis gnáthfhíochán a úsáid ón othar céanna chun an dóigh a rachaidh an galar ar aghaidh a thuar. Tá an taighde maoinithe ag Cumann Ailse na hÉireann, agus léiríonn sé bealach nua chun díriú ar ailse dhrólainne a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar dheardadh cóireálacha amach anseo. Foilsíodh na torthaí spreagúla seo in Oncotarget, príomhírís taighde ailse.



(C-D) Catriona Dowling agus an Dr Pat Kiely

TAIGHDE EILE 2015 / 2016

Taighde Scoil Ghnó Kemmy ar Chonarthaí Uaireanta Nialais

I mí na Samhna, d'fhoilsigh Ged Nash TD, an tAire Gnó agus Fostaíochta, tuarascáil nua 'A Study on the Prevalence of Zero Hours Contracts among Irish Employers and the Impact on Employees' le KBS. Is iad lucht léinn KBS, an Dr Michelle O'Sullivan, an Dr Tom Turner, an Dr Juliet McMahon, an Dr Lorraine Ryan, an Dr Jonathan Lavelle, an Dr Caroline Murphy, an tUasal Mike O'Brien agus an tOllamh Patrick Gunnigle a rinne an staidéar. Ba é an toradh go bhfuil fostaíche atá ag obair ar bhonn 'Má tharlaíonn sé agus Cén uair a tharlóidh sé' leochaileach toisc nach féidir iad a shainmhíniú mar fhostaithe i ndlí fostaíochta agus, dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé nach bhfuil go leor cearta fostaíochta acu.

Tionscadal Taighde ar Phian Ghualainne an Bhoird Taighde Sláinte

D'fhorbair an Dr Karen McCreesh, Pobal Cleachtais, go háirithe d'fhisiteirí, a bhfuil spéis ar leith acu i mbainistiú pian ghualainne. Éascaíonn an Pobal Cleachtais Gualainne a mhaoiníonn an HRB scaipeadh agus aistriú torthaí taighde go díreach chuig cliniceoirí, trí theileachomhdhála agus cruinnithe duine le duine, clubanna irise agus láithreán gréasáin comhforbartha. Rinne Eva Barrett, mac léinn PhD sa 4ú bliain, faoi stiúirthóireacht an Dr McCreesh, comhoibriú leis an bPobal Cleachtais agus léirigh sí feabhas suntasach i bpian ghualainne agus míchumas tar éis sé seachtaine, a bhí fós le sonrú i ndiaidh sé mhí.

Ábhar Nua Níos Fearr chun Eitilín a Íonghlánadh

Chuidigh eolaithe in OL, mar aon le foireann taighde idirnáisiúnta, le hábhar nua a fhorbairt atá níos fearr don timpeallacht, atá éifeachtach ó thaobh costais de, chun eitilín, an ceimiceán orgánach is mó a tháirgtear ar fud an domhain, a íonghlánadh. Fuair foireann OL, faoi stiúir an Ollaimh Michael Zaworotko, Ollamh Taighde SFI agus Cathaoirleach Bernal le hInnealtóireacht Criostal agus an Dr Kai-Jie Chen, taighdeoir iardhochtúireachta, gur féidir le struchtúr cosúil le síothlán, SIFSIX-2-Cu-i, gníomhú mar spúinse, aicéitilín - gás gan dath déanta as carbón agus hidrigin - a ghlanadh suas. Is eiseamláir iontach é an taighde seo, le tacaíocht ó SFI, ar conas a réitigh an t-eolas agus an saineolas a forbraíodh in OL dúshlán an-dáiríre i dtionscal traidisiúnta a bhfuil tionchar domhanda aige. Foilsíodh an taighde in Science.

Tionólann Grúpa Taighde Cuntasachta Seimineár ar Cháin agus Bochtanas

Tháinig painéal ardhphróifíle saineolaithe ar cháin idirnáisiúnta le chéile i mí an Mhárta chun labhairt ag seimineár ar Cháin agus ar Bhochtanas, arna thionól ag an nGrúpa Taighde Cuntasachta (ARC). I measc na gcainteoirí bhí Michael Lennard, Príomhfheidhmeannach Comhoibrithe Cánach agus Trádála Idirnáisiúnta sna Náisiúin Aontaithe, chomh maith le ceannairí sa réimse ón ECFE, Christian Aid, Oxfam Ireland agus Scoil Ghnó Chóbanhávan. Chuir foireann KBS a gcuid taighde ar bheartas cánach i láthair lucht éisteachta acadúil as Éirinn agus as an Ríocht Aontaithe, lucht déanta beartas idirnáisiúnta agus náisiúnta agus iarrthóirí PhD. Bhí an seimineár ar siúl agus Spriocanna Forbartha Inmharthana na Náisiúin Aontaithe (SDG) nua-sheolta, le fócas ar leith ar Sprioc a hAon: Deireadh le Bochtanas. Bhí an seimineár mar chuid de shraith a mhaoinigh an ESRC mar fhreagra díreach ar ghlaoch Global Compact na NA do ghnólachtaí agus scoileanna gnó tacú le forbairt inbhuanaithe.

Lá Taighde ar Siúl ag Clár MA Sna Fleá-Ealaíona

I mí an Mhárta, réachtáil an clár MA sna Fleá-Ealaíona lá taighde i gcomhar le ISACS, (Líonra Ealaíon, Sorcais agus Seónna Sráide na hÉireann) agus Annette Nugent, ag díriú ar chur chuige nua a fhorbairt chun taighde a dhéanamh ar rannpháirtíocht lucht féachana in ealaíona sráide agus seónna.



Áras Dhámh Chruinne Éireann, Ollscoil Luimnigh

DÁMHACHTAINÍ TAIGHDE

FÍS 2020

Is é Fís 2020 an clár Taighde agus Nuálaíochta is mó go dtí seo. Tá buiséad thart ar €80 milliún aige, ar fáil thar sheacht mbliana (2014 - 2020), agus tá maoiniú suntasach faighte ag OL chun taighde ceannródaíoch a dhéanamh.

- Roghnaíodh an tOllamh Colum Dunne, Stiúrthóir Taighde GEMS, chun páirt a ghlacadh in COST Action (CA15114) 2015-2020, arna mhaoiniú ag H2020; Nuálaíochtaí Cumhdach Frithmhíocróbach chun Galar Ionfhabhtaíoch a Chosc. Ceapadh an tOllamh Dunne ar an gcoiste stiúrtha agus beidh sé i gceannas ar phacáiste oibre laistigh den chuibhreannas
- Fuair comhaltaí foirne KBS; an Dr Sheila Killian, an Dr Philip O'Regan, Kieran Gallery agus Anne Tynan maoiniú Fís 2020 an AE faoi cholún na nDúshlán Sóisialta: 'Addressing Europe in a Changing World, Moving Towards Inclusive, Innovative and Reflective Societies'. Déanfaidh an chuibhreannas, lena n-áirítear comhpháirtithe idir an saol acadúil agus an tsochaí shibhialta as Éirinn, an Ísiltír, an Ríocht Aontaithe, an Danmhairg, an Ghearmáin, Poblacht na Seice agus an Tuirc, taighde dírithe ar dhul i ngleic le himghabháil cánach, as a dragann éagthroime atá ag méadú san Eoraip agus i dtíortha i mbéal forbartha. Is é an buiséad foriomlán don chuibhreannas beagán faoi €5 mhilliún: bronnadh os cionn €560,000 ar OL.
- VI-DAS AGUS CLOUD-LSVA D'éirigh leis an Dr Finbarr Murphy agus an Dr Martin Mullins, i gcomhar le Scoil Dlí Ray Friel, dhá dhámhachtain Fís 2020 an AE a bhaint amach, a éascóidh taighde comhpháirteach idir lucht tionscail agus acadúil i réimse feithiclí uathrialaitheacha. Gheobhaidh an dá chuibhreannas H2020 seo, VI-DAS agus Cloud-LSVA, €11 mhilliún (€435,000 chuig OL) eatarthu agus beidh 17 gcomhpháirtí acadúla agus tionsclaíoch a iontu i seacht dtír AE. Ní hamháin go ndéanfaidh na tionscadail seo, VI-DAS agus Cloud-LSVA, dul chun cinn i ndearadh theicneolaíochta uathrialaitheach na chéad ghlúine eile, ach tabharfaidh siad aghaidh freisin ar ghnéithe dlíthiúla, dliteanais agus eiticíúla atá ag teacht chun cinn. Cuideoidh an taighde seo le timpistí a laghdú, fás eacnamaíoch a mhéadú, agus níos mó nuálaíochta a spreagadh i réimse na feithicle uathrialaithe.
- Thionóil an Roinn Innealtóireachta Leictreonaí agus Ríomhaireachta agus an tIonad Taighde Róbataice Mara & Soghluaiste (MMRRC) an chéad Scoil Samhraidh AWESCO i mí an Mheithimh. Is tionscadal Líonra Oilíúna Nuálach (ITN) é AWESCO atá á mhaoiniú ag clár taighde agus nuálaíochta Fís 2020 an Aontais Eorpaigh faoi Ghníomh Marie Skłodowska-Curie (MSCA). Rinne Taighdeoirí agus Comhlacha Taighde AWESCO plé agus athbhreithniú ar a dtionscadail ghníomhacha, ghlac siad páirt i dtaispeántais agus i ranganna teagaisc agus d'éist siad le cainteanna saineolacha i dtopaic a bhaineann le Fuinneamh Gaoithe san Aer (AWE) agus Scríbhneoireacht Theicniúil.
- Fuair an Dr Leonard O'Sullivan agus an Dr Adam de Eyto, Comhstiúrthóirí an Ghrúpa Taighde do Thosca Dearaidh, Scoil an Dearaidh, deontas ar fiú €548,000 é faoi H2020 chun dearadh atá dírithe ar an úsáideoir a fhorbairt d'eiseachnamharlach bog don ghéag íochtair a chabhróidh le daoine ar bheagán gluaiseachta. Tugann an tionscadal Xosoft naoi gcomhpháirtí as seacht dtír le chéile.

DÁMHACHTAINÍ TAIGHDE EILE

2015 / 2016

Is comhpháirtí é OL i dtionscadal €3.5m atá á mhaoiniú ag an AE, dar teideal ‘Teaching Enquiry Mysteries Incorporated’ (TEMI). Is é aidhm TEMI cuidiú le cleachtas teagaisc eolaíochta a athrú ar fud na hEorpa. Oibreoidh an Dr Peter Childs, Roinn na nEolaíochtaí Ceimiceacha agus Comhshaoil, le foireann comhpháirtithe taighde idirnáisiúnta ar an tionscadal seo.

Bronnadh maoiniú ar an Dr Stephen Kinsella ó MISTRA, Fondúireacht Taighde Straitéisigh Comhshaoil na Sualainne. Is comhoibriú é an tionscadal dar teideal ‘Putting Financial Systems to Work for Sustainability’ le comhghleacaithe ó Scoil Eacnamaíochta Stocólm, Acadamh Eolaíochtaí na Sualainne, Scoil Ghnó Harvard, Scoil Bainistíochta ICHEC na Bruiséile, Scoil Eacnamaíochta Londan, Ollscoil Kingston agus ReFine Research. Ba é luach iomlán na dámhachtana €3.2m.

Seoladh feidhmchlár bogearraí nua, chun cuidiú leis an tsléail ghloine sa saol acadúil a bhriseadh go hidirnáisiúnta, in OL i mí Bealtaine. Rinne Lero, Ionad Taighde Bogearraí na hÉireann, an t-iarratas a fhorbairt mar chuid de thionscadal combhionannais inscne maoinithe ag an AE. Fuair FESTA (Cumhachtú na mBan i Saol Acadúil na hEolaíochta agus na Teicneolaíochta) maoiniú AE €4.3m agus roinnfear €730,000 de seo ar OL. Forbraíodh an feidhmchlár bogearraí - an Bainisteoir Gairme Straitéiseach FESTA - in OL i gcomhar le sé ollscoil idirnáisiúnta.

Tugadh cuireadh don Dr Deirdre O’Shea (KBS) agus don Dr Tadhg MacIntyre (PESS) a bheith ina gceannairí pacáiste oibre ar thionscadal maoinithe Erasmus + (Spórt, Óige & Saorálaithe Cabhrach AE) dar teideal ‘Fix the Fixing: Investigating Match Fixing in Sports’. Is ionann an maoiniú taighde agus €452,460.

Bronnadh deontas taighde Erasmus + ar fhoireann acadúil idirnáisiúnta lena n-áirítear an Dr Susan Leahy, Scoil an Dlí, dá dtionscadal ‘Fix the Fixing: Proactive Quelling of Sports Events Manipulation’. Cuimsíonn an fhoireann baill ón nGréig, ó Thuaisceart Éireann, ó Shasana, ón Ostair, ón bhFrainc agus ón gCipir.

Tugadh maoiniú os cionn €200,000 faoin gClár Comhpháirtíochta Straitéisí Erasmus + ar an tionscadal ‘Joint European Academic Competence Framework and Curricula for the Training of Technical Communicators’, TecCOMFrame. Is comhpháirtí sa tionscadal í an Dr Yvonne Cleary, atá faoi stiúir an Chumainn Eorpaigh do Chumarsáid Theicniúil.

Tá maoiniú náisiúnta faighte ag Ionad Teagaisc agus Foghlama OL agus Scoil na Nuatheangacha agus na Teangeolaíochta Feidhmí do thionscadal foghlama agus teagaisc teanga digiteach. Bhronn an Fóram Náisiúnta d’Fheabhas Teagaisc agus Foghlama €200,000 air. Is í an Dr Fiona Farr agus an Dr Liam Murray, OL agus comhpháirtithe ó MIC, LIT, OÉG, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus DIT, chomh maith le roinnt comhoibrithe idirnáisiúnta, a threoraíonn an tionscadal.

Tugadh €187,000 do Chumann Rugbaí na hÉireann le haghaidh staidéir dar teideal ‘Irish Rugby Injury Surveillance’. Is Príomh-Imscrúdaitheoirí iad Ian Kenny agus Tom Comyns agus áirítear leis an bhfoireann Giles Warrington, Kieran O’Sullivan, Drew Harrison, Mark Lyons, Mark Campbell, Michael Griffin agus Kevin Hayes.

Bhí an Dr Lee Monaghan, Roinn na Socheolaíochta, i gceannas ar fhoireann acadúil ó OL, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus OÉG, i dtionscadal dar teideal ‘Framing the Financial Crisis and Protest: Northwest and Southeast Europe’. D’éascaigh Deontas Líonraithe Idirnáisiúnta Leverhulme arbh fhiú breis is €120,000 é, an tionscadal. Thar thréimhse dhá bhliain, reáchtálfar ceardlanna sa Chipir, sa Ríocht Aontaithe, in Éirinn, sa Ghréig agus sa Bhulgáir.

Ghlac an Scoil Cultúir agus Cumarsáide, i gcomhar le hOllscoil na hEacnamaíochta agus an Ghnó i Vín, páirt i staidéar idirnáisiúnta ar ionadaíocht éagothroime i bpreas na hÉireann, na Breataine, na hOstaire agus na Gearmáine. Tugadh maoiniú €100,000 don tionscadal ó Chistí Comórtha Bhanc Náisiúnta na hOstaire. Is tionscadal idirdhisciplíneach é a bhaineann le hInstitiúid na hEacnamaíochta Heitreadocsáí faoi stiúir an Ollaimh Andrea Grisold san Ostair, in éineacht leis an Ollamh Emeritus i gCumarsáid Pascal Preston, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU) agus Léachtóir OL san Iriseoireacht an Dr Henry Silke.

Fuair Deirdre Hogan agus an Dr Joanne O’Flaherty maoiniú breis is €100,000 do Líonra Ubuntu ó Chúnamh Éireann go dtí Márta 2017. Úsáidfear an maoiniú seo chun Oideachas Forbartha a chomhtháthú go héifeachtach in Oideachas Tosaigh Múinteoirí sa bhliain amach romhainn.

Ceapadh Marti Lotter mar Cheannasaí Rialachais ar Ghrúpa Ospidéal OL. Is éard a bheas i gceist leis an ról nua ná Córas Tomhais Feidhmíochta Ardchaighdeán Ospidéal a chur i bhfeidhm a bheidh dírithe ar chaighdeán seirbhísí othar a fheabhsú agus struchtúir rialachais a neartú sna próisis go léir. Bainfidh Marti Lotter úsáid as taighde a rinneadh i gcomhar le Lero, Ionad Taighde Bogearraí na hÉireann, mar chuid dá clár PhD. Tacaíonn FSS agus deontas €96,000 ón IRC leis an gclár.

Síníodh comhaontú taighde ‘Sonraí Móra’ idir WAN Zhang Ying Ke Technology Co Ltd, cuideachta IT i mBéising, an tSín, agus Ionad Taighde Teileachumarsáide OL, leis an Dr Máirtín Ó Droma mar phríomh-imscrúdaitheoir. Is fiú €90,000 an conradh.

Bhronn Fondúireacht Taighde Náisiúnta na Cóiré €85,000 ar an Dr Owen Worth, mar aon leis an Ollamh Kwang-Yeong Shin, Ollscoil Chung-Ang (Súl) le haghaidh tionscadail a rinne taighde ar shocheolaíocht pholaitiúil na hEorpa atá go mór ar an eite dheas.

Bhronn FSS breis is €70,000 ar Fiona Murphy, Owen Doody agus Rosemary Lyons chun iniúchadh a dhéanamh ar Cháilíocht Altranais & Cnáimhseachais, Méadrachtaí Cúraim i nDaoine Scothaosta agus Míchumais Intleachta.

Fuair an Dr Mark Campbell, an Dr Ian Kenny agus an tOllamh Liz Bressan (Ollscoil Stellenbosch) dámhachtain Erasmus + do Shoghluaiasteacht Creidmheasa os cionn €9,000 as a gcuid oibre ar Ghníomhaíocht Choirp Oiriúnaíthe Gailf in OL agus in Ollscoil Stellenbosch san Afraic Theas.

Bhronn Foras Croí na hÉireann Gradam Taighde Daiichi Sankyo ar an Dr Eibhlís O'Connor, Roinn na nEolaíochtaí Beatha. Maoineoidh an dámhachtain seo an Dr O'Connor chun tionscadal taighde a stiúradh dar teideal 'Can Matrix Gla Protein (MGP) Determine Arterial Plaque Phenotype in 'At Risk' Cardiovascular Patients? An Investigation into the Relationship Between MGP and Arterial Plaque Composition in Endarterectomy Patients.'

Tá an Dr Eibhlís O'Connor agus Institiúid Taighde Sláinte OL i gceannas ar an Míchothú sa Mhol Eolais do Dhaoine Scothaosta, cuibhreannas OL/COC. Ceapadh í mar Chomhordaitheoir Náisiúnta do na cuibhreannais Éireannacha san Eoraip le comhpháirtithe in UCD. Cuirfidh taighdeoirí ón Ostair, ón bhFrainc, ón nGearmáin, ó Éirinn, ón Ísiltír, ón Nua-Shéalainn agus ón Spáinn leis an Mol Eolais le tacaíocht airgeadais ó ghníomhaireachtaí maoinithe náisiúnta sna tíortha sin a sholáthraíonn buiséad €1 mhilliún. Tacaíonn Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara na hÉireann agus an HRB leis na comhpháirtithe Éireannacha (OL, UCC agus UCD).

Bronnadh maoiniú IRC ar an Dr Amanda Haynes agus Jennifer Schweppe chun tuarascáil taighde dar teideal 'Inclusive Policing for Gender Variant Persons: Informing Practice, Policy and Training Developments, in Partnership with Transgender Equality Network Ireland' a scríobh.

Bronnadh maoiniú ar an bhfoireann AHSS seo a leanas do thionscadail ar oibrigh siad orthu mar chuid de chiste nuálaíochta T1Step: An Dr Cinta Ramblado, Ceann, Scoil na Nuatheangacha agus na Teangeolaíochta Feidhmí, 'Flipping Modern Languages Culture and Society Education'; An Dr Darina Slattery, Scoil an Chultúir agus na Cumarsáide, 'Tools and Technologies for Teaching and Learning Online'; Máire Ní Ghráda, Scoil an Chultúir agus na Cumarsáide, 'Video Resource for UL-RTE Raidió na Gaeltachta Ar Bhruach na Sionainne Collaboration'; Robert Hutchinson, Dámh na nEalaíon, na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta, 'Improve Staff Capabilities in Various Facets of Technology-Enhanced Learning'.

Fuair MSSI maoiniú ó Dheontais Taighde Imscrúdaitheora Tosaigh (SIRG) agus Dámhachtainí Forbartha Gairme (CDA) ó SFI. Fuair an Dr Michael Walsh CDA sa réimse 'Targeting the Temporal Gradient of Wall Shear Stress as the Key Mediator of Vascular Tissue Response to Implanted Medical Devices Using In Silico, In Vitro and In Vivo Approaches'. Fuair an Dr Matteo Lusi SIRG sa réimse 'Crystal Engineering of Solid-Drugs for Tunable Drugs'. Fuair an Dr Ahmad Albadarin SIRG sa réimse 'Natural Materials for Advanced Therapeutics (NEAT): Biomaterial Derived Excipients for Improved Bioavailability'.

Faomhadh an Dr Carol-Anne Murphy le haghaidh Misean Eolaíoch Gearrthéarmach (STSM) arna mhaoiniú trí COST Action IS1406, dar teideal 'Enhancing Children's Oral Language Skills Across Europe and Beyond: A Collaboration Focusing on Interventions for Children with Difficulties Learning Their First Language'.

Bhronn Coláiste Newman, Ollscoil Melbourne, Comhaltacht Taighde O'Donnell 2016 i Léann na hÉireann ar an Dr Aileen Dillane. Is é teideal taighde Aileen 'Exploring Cecilia Curtin's Role as Irish Australian Entertainer, Vocal Pedagogue and Catholic Chorister, (Performances, Texts, Contexts)'. Tabharfaidh Dillane seimineár i sraith Seimineár Léinn Éireannaigh Melbourne, arna óstáil i gColáiste Newman ag Cumann Léann na hÉireann san Astráil agus na Nua-Shéalainn.

Bronnadh Comhaltacht Iardhochtúireachta ó Fhondúireacht James S. McDonnell ar Peter Fennell, mac léinn taighde sa Chuibhreannas Feidhmchláir Matamaitice don Eolaíocht agus don Tionscal (MACSI), as 'Studying Complex Systems; the mechanisms by which phenomena such as information and innovation-adoption spread through social networks'. Cuirfidh an staidéar seo le tráchtas PhD Fennell, le tacaíocht ó SFI agus beidh sé faoi stiúir an Ollaimh James Gleeson, Cathaoirleach na Matamaitice Tionsclaíche agus Feidhmí agus comhstúirthóir an ghrúpa taighde MACSI dar teideal 'Social Dynamics of Complex Networks'.

Bhronn an Déan agus an Déan Taighde Cúnta teastais ar scór mac léinn i nDámhachtainí Sparánachta Taighde Samhraidh na hEolaíochta agus na hInnealtóireachta, do thionscadail taighde a rinneadh i rith mhíonna an tsamhraidh, 2015. Is ionann an scéim agus infheistíocht €40,000 i dtaighde agus tá sé mar aidhm aici blaiseadh den taighde a thabhairt do mhic léinn fochéime agus béim á leagan ar iad a spreagadh chun iarratais a dhéanamh ar ghlaonna Maoinithe Taighde PhD an IRC amach anseo.

D'eagraigh Anne MacFarlane, Ollamh le Taighde Sláinte GEMS agus Ailish Hannigan, ó Roinn na Bithstaitistice, athbhreithniú córasach ar shláinte na n-imirceach thar ceann Líonra Fianaise Sláinte na hEagraíochta Sláinte Domhanda agus Oifig Gnéithe Sláinte Poiblí na hImirce san Eoraip.



Áras na Scoile Leighis Iontrála Iarchéime (GEMS), Ollscoil Luimnigh

FIONTRAÍOCHT

SOLA

Sheol an Seanadóir Martin Conway, SOLA, Ionad Sármhaitheasa do Chaighdeán Inbhuanaithe san Earnáil Phobail agus Dheonach i mí na Samhna. Tá SOLA, atá bunaithe san Ollscoil, tiomanta do sholáthar seirbhíse a fheabhsú le rialachas cuí agus córais cháilíochta inbhuanaithe. Tharla an seoladh ag an am céanna le Siompóisiam Ardchaighdeáin a bhí ag Cónaidhm na hÉireann um Míchumas (DFI), OL agus Johnson & Johnson.



(C-D) Dermot O'Donnell, DFI, an Dr Ann Ledwith, GPE OL, an Dr Rosemary Cowan, OL, an Dr John Noonan, OL & Jerry Creaney, J&J

D'fhógair Ionad Nuálaíochta Lero agus Nexus in OL le déanaí comhpháirtíocht a chuirfidh taighde den chéad scoth chun tairbhe do ghnólachtaí nuathionscanta agus do FBManna i réigiún an Iarthair Láir. Maoinítear an fhorbairt faoi Chlár Ionaid Taighde SFI. I measc na gcuideachtaí a cláraíodh le déanaí tá Salaso Health Services, a sholáthraíonn ardán teicneolaíochta nasctha chun othair a mhealladh le clár cleachtaidh a fhéinbhainistiú chun seirbhísí fisiteiripe a mhéadú, agus Horizon Globex a fhorbraíonn réitigh VoIP ag leibhéal iompróra do sholáthraithe soghluaiste agus fóin chliste.


Tá Eamonn McQuade, Ollamh Emeritus, OL i gceannas ar thionscadal nua a chuirfidh le hacmhainn Institiúid Polasaí agus Forbartha Tuaithe agus Talmhaíochta Luimnigh (RAPDI). Tá sé mar aidhm ag an tionscadal seo eolas agus comhairle ábhartha a sholáthar do gach frontar sa talmhaíocht agus i dtáirgeadh bia (lena n-áirítear feirmeoirí beaga agus oibreoirí) trí ghníomhaíochtaí for-rochtana, lena n-áirítear raon clár oideachais agus oiliúna. Is é an Bainisteoir Tionscail an Dr Andro Rurua, Innealtóireacht Leictreonach agus Ríomhaireachta, OL. I measc na gcomhpháirtithe tá an Roinn Eolaíochtaí Beatha, OL, Comhpháirtithe Forbartha Réigiúnacha (RDP), an Pháirc Teicneolaíochta Náisiúnta, Institiúid Polasaí agus Forbartha Tuaithe agus Talmhaíochta Luimnigh (RAPDI, Tbilisi, an tSeoirsia agus Ollscoil Talmhaíochta na Seoirsia, Tbilisi, an tSeoirsia.

Oibreoidh BRAVO, cuibhreannas Eorpach d'eagraíochtaí agus d'fhiontair taighde faoi cheannas OL, le Auginish Alumina agus le breis is €1.3m de mhaoiniú iomlán don tionscadal Mínochóireála Alúmana le Luacháil Bhreise (AVAR), próiseas agus scrúdú féidearthachta chun féachaint ar an bhféidearthacht teicneolaíocht phíolótach a thógáil ar an láthair le haghaidh aisghabháil chriticiúil miotail ó Iarmhar Báicsíte. Cruthaíonn monarú alúmanaim, a úsáidtear i mórán táirgí laethúla, sruthanna dramhaíola éagsúla ar a thuras ó amhábh ar go dtí an táirge deiridh. In Éirinn, is é an chuid den slabhra breisluacha is coitianta ná Iarmhar Báicsíte ar a dtugtar láib dhearg a eascraíonn as scagadh alúmana. Úsáidtear áiseanna iarmhair líonta talún in Iarthar na hEorpa chun an t-iarmhar a dhiúscairt ar bhealach nach ndéanann mórán dochair don chomhshaol. Tá BRAVO ag fiosrú conas is féidir an 't-ábhar dramhaíola' seo a athúsáid ar an láthair chun críche tráchtála.

RANNPHÁIRTÍOCHT

Díospóireacht Bheo na gCeannairí ar RTÉ

Roimh an Olltoghchán, tionóladh Díospóireacht Bheo na gCeannairí ar RTÉ i gCeoláras na hOllscoile. Ba é seo an chéad uair a reáchtáladh a leithéid de dhíospóireacht lasmuigh de Bhaile Átha Cliath. Craoladh an t-imeacht beo mar eagrán de chlár Claire Byrne Live RTÉ. Thionóil an Ollscoil anailís bheo iar-dhíospóireachta Spin Room Show freisin ina raibh freagairtí tráchtairí don chlár dhá uair an chloig. Thug RTÉ cuireadh do mhic léinn iriseoireachta OL comhoibriú leis an díospóireacht teilifíse a chraoladh, agus clúdach a chur ar fáil ó go leor ionad comhairimh toghcháin ar fud na tíre. D'eagraigh foireann Margaíochta agus Cumarsáide na hOllscoile an t-imeacht go rathúil.



An Taoiseach Enda Kenny ar an scáileán ag díospóireacht na gCeannairí in Ollscoil Luimnigh

‘Céim a hAon a thógáil’

Lainseáil Comhpháirtithe Chuibhreannas na Sionainne (SC), OL, Coláiste Mhuire gan Smál agus Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh, tionscnamh ar fud na hearnála chun an fhoireann agus mic léinn a spreagadh chun ‘Céim a hAon a thógáil’ chun dul i ngleic le litearthacht dhigiteach. Tá an feachtas bunaithe ar ‘Chreat Náisiúnta Uile do Scileanna Digiteacha’ agus tá an creat scileanna agus acmhainní leabaithe go córasach ar fud an Chuibhreannais. Tá an tionscnamh maoinithe ag an bhFóram Náisiúnta faoin gCiste d’Fheabhas Teagaisc 2015. Chuir Aonad Foghlama Feabhsaithe Teicneolaíochta OL, a chuimsíonn an Leabharlann, ITD, CTL agus CPD, sraith ceardlann ar fáil chun daoine a spreagadh chun ‘Céim a hAon a Thógáil’ chun scil dhigiteach nua a fhoghlaim. Bhí deis ag an bhfoireann agus ag mic léinn ó Chuibhreannas na Sionainne foghlaim faoi bhlagáil, mapáil intinne, dearadh cúrsaí cumaisc/ar líne, teicneolaíochtaí cur i láthair agus podchraoltaí a chruthú.



Amharc ón aer ar champas Ollscoil Luimnigh

Seachtain na hEolaíochta

I mí na Samhna 2015 bhí 20 bliain de Sheachtain na hEolaíochta á gceiliúradh. Imeacht náisiúnta, bliantúil atá i gceist a dhéanann ceiliúradh ar shaol na heolaíochta, na teicneolaíochta, na hinnealtóireachta agus na matamaitice (STEM). Chuir Dámh na hEolaíochta agus na hInnealtóireachta, i gcomhar leis na dámha eolaíochta in Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh agus Coláiste Mhuire gan Smál, clár leathan imeachtaí ar siúl le haghaidh Fhéile Eolaíochta Luimnigh.

Ba é an téama i mbliana ná ‘Dear do Thodhchaí’ agus den chéad uair i mbliana eagraíodh roinnt féilte réigiúnacha chun an ócáid a chomóradh. D’fhreastail thart ar 3000 cuairteoir ó bhunscoileanna agus meánscoileanna ar os cionn 40 ceardlann agus seó a eagraíodh i rith na seachtaine in OL. Bhí na himeachtaí go léir saor in aisce.

Ar-Kid-Tecture


Reáchtáil céimí SAUL, Sean Collins, Ar-Kid-Tecture do leanaí cúig bliana d’aois nó níos sine ag Músaem Hunt. Bhí sé mar aidhm ag an gceardlann nuálach do pháistí iad a spreagadh le hiniúchadh agus páirt a ghlacadh sa timpeallacht thógtha trína gcuid cruthaitheachta, samhlaíochta agus ábhar neamhghnách a úsáid.

I mí na Bealtaine, tugadh cuireadh do dhaltai iar-bhunscoile a thug taispeántas/bhain duais amach as a dtionscadail ag Taispeántas Eolaí Óg & Teicneolaíochta BT freastal ar ócáid sa roinn Corpoideachais agus Eolaíochtaí Spóirt (PESS). Tugann PESS cuireadh do dhaltai a bhfuil baint ag a dtionscadail le heolaíocht spóirt nó le disciplín a bhaineann le corpoideachas. D’fhreastail daltaí agus múinteoirí ar chainteanna ó aoichainteoirí ar chur i bhfeidhm spóirt agus aclaíochta, cóitseáil spóirt, bithmheicnic spóirt, síceolaíocht spóirt, gairmeacha i spóirt agus eolaíocht aclaíochta. Bhí 22 cur i láthair ann ó 19 scoil i Luimneach, an Clár, Baile Átha Cliath, Port Láirge, Tiobraid Árann, Gaillimh, Corcaigh agus Cill Chainnigh. Bhí buaiteoir an Taispeántais Corpoideachais, Connor Cantwell (CBS Chill Chainnigh) i láthair don dara bliain as a chéile.

I mí Eanáir, d’eagraigh an Roinn Fisice agus Fuinnimh, i gcomhar leis an Institiúid Fisice, Léacht Scoil Tyndall ‘Defying Gravity: The Physics of Spaceflight’. D’fhreastail os cionn 580 dalta agus múinteoir ó scoileanna áitiúla ar an ócáid, a reáchtáladh sa Cheoláras, chun staidéar na fisice a chur chun cinn. Ba í Laura Thomas an t-aoichainteoir. Is réaltfhisiceoir agus céimí ó Ollscoil Dhún Éideann í, is cumarsáidí gairmiúil ar Theoiric Eolaíochta í agus is ambasadóir í ar an Oifig Eorpach um Acmhainní Oideachais Spástaistil. D’eagraigh Carol Ryan, an Roinn Fisice & Fuinnimh an ócáid.

Seoladh ‘Sonas is Sláinte’, comhthionscnamh idir Dámh Chruinne Éireann Rince agus Ceol agus Ospidéal na hOllscoile, Luimneach, i mí Mheán Fómhair. Scrúdaigh an clár bealaí chun eispéiris daoine a fheabhsú agus athrú a dhéanamh ar a ndearcadh ar thimpeallacht ospidéil. Bhí scéim phiólótach ar bun ar dtús, ansin rith Dámh Chruinne Éireann sraith de thaibhléirithe mac léinn in UHL, a thug ceol chuig suíomh cúraim sláinte leis an aidhm cúram agus athchóiriú a sholáthar d’othair, don fhoireann agus do chuireoirí. Déanann an Dr Hilary Moss (Stiúrthóir Cúrsa, MA Teiripe Cheoil), Kathleen Turner (Stiúrthóir Cúrsa, MA Ceol Pobail) agus an Dr Paul Finucane (Ospidéal na hOllscoile, Luimneach) maoirseacht ar ‘Sonas is Sláinte’.

Fógraíodh tionscnamh comhoibrítheach idir Intel Ireland, Lero agus an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí (JCT) i mí Eanáir, chun seirbhísí crua-earraí agus tacaíochta ar líne a sholáthar do 19 iar-bhunscoil. Ceapadh an tionscadal chun tacú le scoileanna agus múinteoirí chun an cúrsa gearr códaithe atá ar fáil anois faoin gCreat don tSraith Shóisearach 2015 a fhiosrú. Thug Intel Ireland 900 ríomhaire Galileo Gen 2 agus pacáistí do mhúinteoirí agus glacfaidh daltaí páirt i ngníomhaíochtaí teicneolaíochta agus deartha a bhaineann le húsáid na n-acmhainní seo le linn an tionscadail 12 mhí. Cuirfidh Seirbhís Tacaíochta JCT oiliúint agus tacaíocht ar líne oiriúnaithe ar fáil do mhúinteoirí le tacaíocht ó Lero agus Intel.



Áras Tierney, Ollscoil Luimnigh

TIONSCNAIMH ÉAGSÚLACHTA

Chun Lá Feasachta an Uathachais a cheiliúradh i mí Aibreáin, scal OL mar aon le breis is 8,000 sainchomhartha ar fud an domhain, lena n-áirítear an Stáisiún Spáis Idirnáisiúnta agus an Empire State Building, solas gorm ar fhoirgnimh ar fud an champais. Tá sé mar aidhm ag an tionscnamh aird a tharraingt ar uathachas mar thosaíocht sláinte domhanda atá ag dul i méid. Chuir an Dr Jennifer McMahon, bunaitheoir agus comhstíúrthóir na saotharlainne i-TEACH (Saotharlann don Teagasc Cuimsitheach) agus léachtóir Síceolaíochta Oideachais in OL tús leis an imeacht in OL.

Mar aitheantas ar Lá Domhanda na Meabhairshláinte, chuir foireann OL Beo trí cheardlann uair an chloig i láthair; ‘Five Steps to Student Resilience: Research to Practice’ leis an Dr Tadhg MacIntyre, an Dr Alan Ringland, Chris Bryan, Jessie Barr agus Clodagh Butler; ‘Using your Head in Sport: Concussion Awareness’ leis an Dr Mark Campbell agus an Dr Matthew Herring agus ‘Breaking Through: Athlete Panel Discussion on the Resilient Athlete’ leis an Dr Tadhg MacIntyre, Chris Bryan, Jessie Barr, Cathal Sheridan agus Felix Jones.

Bhí deichniúr comhaltaí foirne ó dhámh na hEolaíochta agus na hInnealtóireachta i measc na ndaoine a d’fhreastail ar an ócáid ‘Women in Science’ a réachtáil an tUachtarán Micheál D. Ó hUigín in Áras an Uachtaráin. Rinne an ócáid ceiliúradh ar an ról ceannaireachta atá ag mná i dtaighde agus i dtionscal na heolaíochta. Thug an tUachtarán Ó hUigín onóir don Dr Jakki Cooney, Roinn na nEolaíochtaí Beatha, an Dr Teresa Curtin, Roinn na nEolaíochtaí Ceimiceacha agus Comhshaoil, an Dr Ning Liu, Roinn na Fisice, an Dr Claire Robinson, Roinn na hInnealtóireachta Sibhialta agus na Eolaíochtaí Ábhair, an tOllamh Tiziana Margaria, Roinn na Ríomhaireachta Córais Eolaíochta agus Faisnéise, Louise Kiernan, an Roinn Teicneolaíochta Deartha agus Déantúsaíochta, an Dr Sarah Mitchell, Roinn na Matamaitice agus Staitisticí, an Dr Anna Ryan, Scoil na hAiltireachta agus an Dr Shalini Singh, Institiúid Eolaíochtaí Ábhair agus Dromchla.

D’fhorbair OL agus an chuideachta cúraim sláinte dhomhanda Johnson & Johnson clár oideachais comhoibríoch le déanaí chun tacú le mná agus iad a spreagadh chun deiseanna oideachais a bhaint amach i STEM2D; Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht, Matamaitic, Déantúsaíocht agus Dearadh. Tá deich gcomhpháirtíocht dhomhanda ag Johnson & Johnson chun an aidhm seo a chur chun cinn agus is í OL an t-aon ollscoil Éireannach a roghnaíodh le bheith rannpháirteach. Tógfaidh an clár ar obair leanúnach OL réim agus cáilíocht an oideachais STEM2D a leathnú, ag mealladh níos mó ban chuig gairmeacha a bhfuil fir go mór chun tosaigh iontu agus ag cur dlús le forbairt na gceannairí ban.

Rinne an Ollscoil Lá Idirnáisiúnta na mBan a cheiliúradh trí chomhdháil a thionól, dar teideal ‘Embracing Gender Equality and Diversity’, faoi chathaoirleacht an chraoltóra ó UTV Ireland Alison Comyn. Áiríodh ar an gcomhdháil cuir i láthair ón ggraoltóir Baz Ashmawy; an Dr Lisa O’Donoghue, Comhalta Taighde Sinsearach, an Roinn Dearaidh agus Teicneolaíochta Déantúsaíochta in OL agus an Straitéisí um Fheabhas Nuálaíochta, Comh-Ionad an Tuaiscirt, an tSualainn; an tOllamh Tara Moore, Stíúrthóir na hInstitiúide Taighde Bithleigheis & Ceannaire Grúpa Taighde Fís Eolaíochta, Scoil na hEolaíochta Bithleigheis, in Ollscoil Uladh. Tá an céatadán is airde ban i gcónaí ag leibhéal ollúnachta ag OL sa tír agus i mbliana tháinig méadú ar líon na mban ag Leibhéal an Ollaimh Chomhlaigh (atá anois ag 33% i gcomparáid le meán náisiúnta de 26%).

Rinne an tOllamh Sibel Erduran idirbheartaíocht ar chomhpháirtíocht nua le Johnson & Johnson chun rannpháirtíocht na mban in ábhair STEM a chur chun cinn, agus mar thoradh air sin bronnadh duais US \$100,000 ar Oideachas STEM in OL.

I mí Dheireadh Fómhair, rinne Cathair Luimnigh Lá Idirnáisiúnta an Chailín a cheiliúradh, dáta ainmnithe ag na Náisiúin Aontaithe chun cearta cailíní a aithint agus chun aird a tharraingt ar na dúshlán uathúla atá roimh chailíní ar fud an domhain. Thacaigh an ócáid le feachtas ‘Because I am a Girl’ de chuid Plan International agus bailíodh os cionn €500 don chúis. D’eagraigh Kathleen Turner, comhalta de Dhámh Chruinne Éireann, stiúrthóir cúrsa an MA Community Music an ócáid agus bhí roinnt d’fhoireann, mic léinn agus céimithe de chuid Dhámh Chruinne Éireann páirteach, lena n-áirítear mic léinn 4ú bliain BA Voice and Dance, an léachtóir rince Lisa McLoughlin agus mic léinn reatha an MA Contemporary Dance Performance Rachel Sheil agus Bianca Paige Smith. D’oibrigh an IWA i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí áitiúla ar nós Margadh an Bhainne, Luimneach, Music Generation Chathair Luimnigh agus Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh.

Reáchtáil Cumann Dlí na Mac Léinn Comhdháil Dlí Teaghlaigh i mí an Mhárta. I measc na dtopaicí bhí fadhbanna a bhíonn ag LGBT agus cineálacha malartacha teaghlaigh - lena n-áirítear máthairionadaíocht agus atáirgeadh daonna de chúnadh ag deontóirí, foréigean baile agus ginmhilleadh. I measc na gcainteoirí bhí lucht acadúil tosaigh, aturnaetha agus abhcóidí atá ag cleachtadh, an Chomhghuaillíocht um Chearta Leanaí agus an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí.



CLÁR COMÓRTHA CÉAD BLIAIN

1916 - 2016

NA hEALAÍONA



I mí an Mhárta, chun Lá an Fhorógra a chomóradh mar chuid de Chlár Comórtha Céad Bliain 2016, thionóil OL searmanas ardaithe brataí ag meán lae. Chlac grúpa ionadaithe ó fhoireann na mac léinn, ón Údarás Rialaithe agus ó fhoireann OL páirt i searmanas ag na crainn brataí in aice le Teach Phleasaí, áit ar ardaíodh an trídathach. Ba iad ceoltóirí ó Dhámh Chruinne Éireann agus an grúpa ceoil thraidisiúnta ar an gcampas Cruinniú a sheinn an t-amhrán náisiúnta agus léigh duine de phobal an champais píosa filíochta gan choinne ina dhiaidh sin.




(C-D) Máire Ní Ghráda, OL, Áine Hensey, craoltóir RnaG, an Dr Sandra Joyce, Stiúrthóir IWAMD OL, Deirdre Ní Loingsigh, Seán Ó hÉanaigh, RTÉ & an tOllamh Micheál Ó Súilleabháin, OL

‘Ar Bhruach na Sionnainé’

Seoladh sraith Raidió Dhámh Chruinne Éireann, ‘Ar Bhruach na Sionnainé’, i mí Feabhra. Chuir mic léinn fochéime OL an tsraith seo de shé chlár do Raidió na Gaeltachta (RnaG) i láthair agus léirigh siad iad. D’fháiltigh Seán Ó hÉanaigh ó RnaG, roimh an tionscnamh arb é atá ann toradh ar chomhoibriú idir Scoil an Chultúir agus na Cumarsáide, OL agus RnaG. Beidh mic léinn ceoil agus damhsa na hÉireann ag obair le hÁine Hensey, craoltóir de chuid RnaG, chun an tsraith iomlán a léiriú agus a chur i láthair, ag tarraingt aird ar ghnéithe den saol ceoil in OL.

Osclaíodh taispeántas ina raibh míreanna ó Bhailiúcháin Speisialta OL ag Músaem Hunt i mí an Mhárta. Tharraing ‘Luimneach agus Éirí Amach 1916’ as cartlanna theaghlach Daly Luimnigh. Déanann an taispeántas cur síos agus comóradh ar scéal Luimnigh agus Éirí Amach na Cásca 1916. Bhí cáipéisí uathúla ann lena n-áirítear comhfheagras ó phearsana mór le rá amhail Thomas Clarke, Pádraig Mac Piarais agus Roger Casement agus grianghraif agus cártaí poist stairiúla.



Liteagraf, portráid de chuid Seán O'Sullivan de Thomas Clarke, Páipéir Theaghlach Daly, Leabharlann Glucksman

Is píosa amharclainne comhoibríteach é ‘Signatories’ a scríobh ochtar údar tábhachtach Éireannach, agus cuirfidh gach ceann acu monalóg i láthair ó dhuine de shíneitheoirí Fhorógra 1916. Coimisiúnaíodh Joseph O'Connor as OL chun ‘Joseph Mary Plunkett’ a scríobh, a chuirfear i láthair i bPríosún Chill Mhaighneann agus a bheas taifeadta ag RTÉ.

‘Atrocity Exhibition’

D’eagraigh Grúpa Taighde don Cheol agus Cultúr Coitianta (Martin Power, Eoin Devereux agus Aileen Dillane) an siompóisiam idirnáisiúnta, ‘Atrocity Exhibition’, faoin mbanna ceoil Joy Division as Manchain i mí na Samhna. Tháinig na láithreoirí as Éirinn, an Ríocht Aontaithe, an tSín, na Stáit Aontaithe, Ceanada, an tSeapáin, an Astráil, an tSualainn, an Iorua, an Fhionlainn, an Spáinn agus an Phortaingéil. D’fhreastail os cionn 150 duine ar agallamh poiblí le ball bunaidh an bhanna, Peter Hook. Mar chuid den chomhdháil bhí Peter Hook and the Light ar stáitse in Dolans Warehouse.



An tOllamh Eoin Devereux



Martin Hayes

Bronnadh an chéad Ealaíontóir de chuid Dhámh Chruinne Éireann ar an bhfidléir Martin Hayes as Co. an Chláir. Tá cáil idirnáisiúnta ar Hayes as a stíl thraidisiúnta a thabhairt chuig lucht féachana domhanda.


Reáchtáladh ‘The Limerick Fling’ i nDeireadh Fómhair i gCeoláras na hOllscoile. Tháinig os cionn 100 taibheoir ó chúig mhór-roinn le chéile chun meascán ceoil agus damhsa a dhéanamh a bhí ar thús cadhnaíochta ó thaobh thraidisiúna na hÉireann. Sa cheolchoirm bhí ceoltóirí, amhránaithe agus damhsóirí ar a n-áirítear an tOllamh Mícheál Ó Súilleabháin, Ceolfhoireann Meitheal, mic léinn an BA Ceol agus Damhsa Gaelach, MA Taibhléiriú Cheol Traidisiúnta na hÉireann agus MA Taibhléiriú Damhsa Traidisiúnta

Cuireadh tús leis an taispeántas taistil; ‘SYMBOLS Culture of Death and Cultural Life: New Audiences and Creations around European Cemeteries’; i nGailearaí Ealaíne agus Deartha Luimnigh i mí an Mháirta. D’oibrigh ealaíontóirí de chuid Dhámh Chruinne Éireann, Hannah Fahey agus Jennifer de Brún, i gcomhar le comhpháirtithe Eorpacha chun taispeántas comhpháirteach ildisciplíneach a chruthú maidir le comharthaí an bháis trí chló, ceol agus damhsa. Beidh an taispeántas ag taisteal chuig Avilés, Dundee, an Chorsaic, Maribor agus Verona i rith 2016. Is tionscadal comhoibríthe cultúrtha idirnáisiúnta é SYMBOLS arna chómhaoiniú ag an gCoimisiún Eorpach faoin gclár Creative Europe.

Thug Patrick Cassidy, cumadóir idirnáisiúnta agus alumnus atá bunaithe in LA, máistir-rang ar “Cumadóireacht Cheoil don Scannán” do mhic léinn na Teicneolaíochta Ceoil. Chuir Cassidy seimineár ar fáil freisin do lucht féachana níos leithne, lena n-áirítear a chuid alumnaí féin, inar taispeánadh píosaí dá shaothar scannáin. I measc na saothar a tháinig uaidh le deireanas bhí an scór do ‘1916 The Irish Rebellion’ do RTÉ agus obair do thaispeántas ‘Laochra’ an CLG i bPáirc an Chrócaigh, a tionóladh i mí Aibreáin chun comórada dhéanamh ar chéad bliain ó Éirí Amach 1916.

Bhí ‘The Darkest Midnight’, oíche amhránaíochta, filíochta agus carúil, ar siúl i mí na Samhna chun tacú le Rape Crisis Midwest. Bhí roinnt ealaíontóirí agus ensemble ar stáitse an tráthnóna sin lena n-áirítear: Kathleen Turner ó Dhámh Chruinne Éireann Rince agus Ceol; Cór Soiscéal Bavard; Denise Chaila; Cantoral Chant Ensemble; Róisín Ní Ghallóglaigh; Sandra Joyce; Sionna Vocal Ensemble; Diane Daly; Yonit Kosovske agus Cór Dhámh Chruinne Éireann. Bhí mic léinn ó Dhámh Chruinne Éireann Rince agus Ceol OL páirteach san ócáid.

Mar chomhoibriú idir Dance Limerick, an tIonad Taighde Meán Digiteach agus Ealaíon (DCMAS) agus Roinn na Ríomheolaíochta agus na gCóras Faisnéise (CSIS), reáchtáladh féile damhsa scáileáin ‘Light Moves’ ag Dance Limerick i mí na Samhna, ag eascairt as an imeacht de chuid Chathair Chultúir Luimnigh anuraidh. Tacaíonn an Chomhairle Ealaíon agus Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh leis an bhféile agus soláthraíonn AIB, Músaem Hunt, LSAD, Ceolfhoireann Aireagail na hÉireann agus Ceolfhoireann Aireagail Luimnigh tacaíocht agus comhoibriú breise.



Áras Dhámh Chruinne Éireann, Ollscoil Luimnigh



Iomhánna de Bhailiúchán Bolton, Leabharlann Glucksman

LEABHARLANN GLUCKSMAN

D’fhógair Scoil an Dlí agus Leabharlann Glucksman tionscnamh speisialta chun aturnaetha agus abhcóidí áitiúla a spreagadh le húsáid a bhaint as áiseanna Leabharlann Dlí na hOllscoile. Chuir an Breitheamh Donald Binchy páipéar i láthair dar teideal ‘Current Challenges Facing the Legal Profession’ dóibh siúd a bhí i láthair nuair a seoladh an ócáid i mí Dheireadh Fómhair. Cuireann an tionscnamh seo le ballraíocht bunaithe ar tháill na Leabharlainne agus tugann sí seirbhís uathúil do ghairmithe dlí an réigiúin.

Cuireadh Leabharlann Bolton, bailiúchán 12,000 leabhar, lámhscríbhinn agus paimfléad acadúla agus bibleagrafaíochta, faoi chúram na hOllscoile i mbliana. Tá an bailiúchán le bheith lonnaithe sna dálaí timpeallachta is fearr i Leabharlann Glucksman faoi stiúir Cheann na mBailiúchán Speisialta, Ken Bergin. Léiríonn Leabharlann Bolton tréimhse thábhachtach de stair intleachtúil na hEorpa agus cuimsíonn sí lámhscríbhinní luachmhara lena n-áirítear ceann amháin de thrí shampla de leabhar Aifrinne lámhscríofa in Éirinn roimh 1500 agus eagrán luatha de Devine Comedy le Dante (Venice, 1512) agus leabhar Aifrinne Sarum ón 16ú haois. Tá cosaint agus caomhnú Leabharlann Bolton mar thosaíocht ag an Ollscoil, a shínigh comhaontú chun aire a thabhairt don bhailiúchán agus chun é a bhainistiú.

Le linn na chéad chomhdhála de chuid Chumann Idirnáisiúnta Yeats (IYS), a tionóladh in OL i mí Dheireadh Fómhair, thaispeáin Leabharlann Glucksman bailiúchán nua de leabhair chéad eagrán neamhchoitianta le William Butler Yeats. Bhronn an tOllamh Michael Gilsean an bailiúchán le cabhair ó Chiste Mheiriceá na hÉireann agus is díolaim iomlán d’obair Yeats é. Bhí an Seanadóir Susan O’Keeffe, ceannaire Yeats 2015 (tionscadal rialtais a dhéanann urraíocht ar agus a nascann na himeachtaí domhanda go léir atá ar siúl chun 150 bliain ó bhreith Yeats a chómórada) agus an tAmbasadóir István S Pálffy ón Ungáir, a ndearna a rialtas comhúrraíocht ar an dráma rince le Luimneach 2020, i láthair. Tá ceann de na bailiúcháin Yeats is fearr in Éirinn anois in OL agus ar fáil le feiceáil ach coinne a dhéanamh leis an roinn Bailiúchán Speisialta.

RANNPHÁIRTÍOCHT DHOMHANDA

- I mí Aibreáin, thionóil OL an Coiste Roghnúcháin de na cláir LEADERS Erasmus Mundus (Soghluaisteacht a threorú idir an Eoraip agus an Áise chun oideachas agus taighde innealtóireachta a fhorbairt) agus INTACT (Ábhair Teagaisc Idirghníomhacha sa Chultúr agus sa Teicneolaíocht). Roghnaigh painéal de 26 acadamh ó réimsí na hinnealtóireachta leictreonaí agus ríomhaireachta ón Eoraip agus ón Áise na rannpháirtithe don tionscadal, a mheall beagnach €6 mhilliún ón AE chun scoláireachtaí mac léinn agus foirne a mhaoiniú sa bhreiseoideachas. Go dtí seo, tháinig 95 mac léinn agus foireann thar lear chuig OL mar chuid den tionscadal, atá comhordaithe ag an Ollamh Elfed Lewis ón Roinn Innealtóireachta Leictreonaí agus Ríomhaireachta, OL.
- Reáchtáil Roinn na Polaitíochta agus an Riaracháin Phoiblí i gcomhar le hAmbasáid na Breataine agus Communicating Europe Plé Poiblí dar teideal ‘The UK, Ireland and the EU: Reform, Renegotiation and Referendum’ i Feabhra. Ba é ambasadóir na Breataine go hÉirinn, a Shoilse an tUasal Dominick Chilcott an príomhchainteoir agus thug sé cuntas ar straitéis na Ríochta Aontaithe maidir lena hidirbheartaíocht a dhéanamh ar a caidreamh leis an AE. Leag an díospóireacht béim ar na saincheisteanna polaitiúla, dlíthiúla agus eacnamaíocha atá i gceist sa reifreann AE atá le teacht sa Ríocht Aontaithe agus na himpleachtaí a bhaineann le Breatimeacht féideartha d’Éirinn.
- Bhí saothar iontach Frank McCourt, ‘Angela’s Ashes’, ar an saol fiche bliain in 2016, leabhar a thugann léargas ar an gcaidreamh uathúil idir Éire agus na Stáit Aontaithe agus go háirithe idir Luimneach agus Nua-Eabhrac. I mbliana freisin bhí an chéad Scoil Samhraidh OL/Frank McCourt sa Scríbhneoireacht Chruthaitheach, le bheith ar siúl i Nua-Eabhrac. Bhí an t-úrscéalaí agus Cathaoirleach Frank McCourt sa Scríbhneoireacht Chruthaitheach an tOllamh Joseph O’Connor, i gceannas ar an scoil le cabhair ó theagascóirí lena n-áirítear comhaltaí foirne OL Donal Ryan, Giles Foden, Mary O’Malley, Sarah Moore-Fitzgerald agus Eoin Devereux. Mar chuid den Scoil Samhraidh bhí léiriú a rinne Ealaíontóir de chuid Dhámh Chruinne Éireann, Martin Hayes. Reáchtáil OL agus Ionad Ealaíon na hÉireann i Nua-Eabhrac ‘An Evening for Frank McCourt’ ag Ionad Ealaíon na hÉireann, Nua-Eabhrac. Bhí Gabriel Byrne, Jean Butler, Paul Muldoon, Maeve Higgins, Pierce Turner agus Joseph O’Connor páirteach ann. Rinne Údarás Aerfort na Sionainne urraíocht ar an ócáid.
- Sheol Barbara Jones Ard-Chonsal na hÉireann do Nua-Eabhrac agus céimí OL Craobh Alumni OL Nua-Eabhrac in Manhattan go hoifigiúil. Freastalóidh an Chraobh ar níos mó ná 300 alumni OL atá ina gcónaí i Nua-Eabhrac agus tacóidh sí le spriocanna straitéiseacha na hOllscoile trí imeachtaí cultúrtha, sóisialta, seirbhíse pobail agus oideachais a reáchtáil, líonraí a éascú agus baill a choinneáil cothrom le dáta ar fhorbairtí in OL.
- Chuir Scoil an Dlí fáilte roimh Leas-Uachtarán Chumann Bharra Meiriceánach na hÉireann i dTuaisceart California, an tUasal Jim Weixel i mí Feabhra. Bhuail an tUasal Weixel le comhaltaí den dámh chun pleananna a phlé le haghaidh comhoibriú amach anseo idir an pobal dlí in California agus OL.
- Shínigh KBS comhaontú le dhá chéim le Scoil Ghnó KEDGE, Marseille, sa Fhrainc le déanaí. Is é atá i gceist leis an gcomhaontú ná céim BA sa Ghnó Idirnáisiúnta (BAIB) a thairgeann KBS agus an Baitsiléir Idirnáisiúnta Riaracháin Gnó (IBBA) a thairgeann KEDGE. Faoin gcomhaontú, caithfidh mic léinn BAIB as KBS a gcéad dá bhliain ag staidéar in OL agus an dá bhliain dheireanacha ag staidéar ag KEDGE in Marseille. Nuair a bheidh a gceithre bliana staidéir críochnaithe go rathúil acu gheobhaidh mic léinn céim BAIB OL agus céim IBBA KEDGE.

Naisc idir OL agus an tSín

- Thug toscaireacht shinsearach ó Ollscoil Tianjin sa tSín, faoi stiúir an Leas-Uachtaráin, an tOllamh Shu Gequn, cuairt ar OL i mí Aibreáin agus shínigh comhaontú chun ligean do mhic léinn na Síne tabhairt faoina gcuid staidéir PhD in OL. Shínigh an tOllamh Paul McCutcheon, Leas-Uachtarán Acadúil agus Cláraitheoir an comhaontú, agus tá sé maoinithe ag Comhairle Scoláireachta na Síne. Tá malartuithe dáimhe á bhforbairt chun comhoibriú sa teagasc agus sa taighde a éascú. Sheol an toscaireacht clár Staidéir Thar Lear maoinithe freisin do mhic léinn fochéime agus iarchéime OL ar mian leo taisteal go dtí an tSín chun staidéar a dhéanamh nó intéirneacht bunaithe i gcuideachta/saotharlann a ghlacadh in Tianjin. Tá an clár oscailte do mhic léinn STEM, na daonnachtaí, an bhainistíocht agus an dlí agus déanfar an staidéar i mBéarla.
- Shínigh an Ollscoil Meabhrán Tuisceana (MT) le hOllscoil Teicneolaíochta Ceimicí Bhéising (BUCT) i mí na Samhna. Ba í an Dr Mary Shire, Leas-Uachtarán Taighde, a shínigh é le Leas-Uachtarán BUCT, an tOllamh Dongsheng Chen in Ambasáid na hÉireann i mBéising. Thionóil an Leas-Uachtarán Chen cuairt OL ar BUCT áit ar cuireadh an Dr Shire in aithne don fhoireann taighde agus ar cuireadh ar an eolas í faoina gcuid oibre ag Lárionad na nÁbhar Leaistiméire, Príomh-Shaotharlann an Stáit do Chomhábhair Orgánacha-Neamhorgánacha agus an tIonad Náisiúnta Taighde do Theicneolaíocht Innealtóireachta Snáithín Carbóin. Díríonn an Meabhrán Tuisceana ar chomhoibriú taighde sna réimsí seo chomh maith le comhchlár agus malartú foirne agus mac léinn a fhorbairt.
- Thaistil toscaireacht as Corpoideachas agus Eolaíochtaí Spóirt (PESS) go hOllscoil Spóirt Bhéising (BSU) i mí Aibreáin. Síníodh Meabhrán Tuisceana in 2015 idir an dá ollscoil, chun malartuithe mac léinn agus foirne a chur chun cinn agus tacú leo, go háirithe chun deiseanna taighde comhoibritheacha a fhorbairt idir an dá ollscoil. Tá an líon céanna beagnach mac léinn ag BSU agus atá ag OL (thart ar 13,000) agus tá gach mac léinn a fhreastalaíonn ar BSU cláraithe ar chlár a bhaineann le spórt, mar shampla eolaíocht spóirt, corpoideachas, traenáil spóirt, cóitseáil spóirt agus teiripe spóirt agus sláinte. Thug toscaireacht PESS cuairt ar na háiseanna, ar na háiseanna taighde, thug siad léachtaí do mhic léinn fochéime agus iarchéime BSU agus phléigh siad comhoibriú taighde féideartha.



Scoil Ghnó Kemmy, Áras Schuman, Ollscoil Luimnigh

RANNPHÁIRTÍOCHT DHOMHANDA BHREISE

2015 / 2016

- Rinneadh an nasc idir an Scoil Leighis Iontrála Iarchéime (GEMS) agus Wyoming Medical Centre, SAM a athnuachan maidir le socrúcháin roghnacha mhic léinn GEMS. Tá roghnúcháin na mac léinn sna Stáit Aontaithe riachtanach chun a chinntiú go bhfaigheann céimithe neamh-AE GEMS an tairí riachtanach chun dul san iomaíocht le céimithe leighis áitiúla agus eile agus fostaíocht leighis a fháil díreach tar éis na céime.
- I Meabhrán Tuisceana le hOllscoil Bainistíochta agus Eolaíochta (MSU) na Malaeisia, tá BSc i gCothabháil Aerárthaí & Innealtóireacht Aerfhiúntais in OL ag dul i gcomhpháirtíocht le Dioplóma MSU i gCothabháil Aerárthaí. Déanfaidh céimithe ó Dhioplóma MSU a gcuid staidéir Céime in OL tríd an mbealach iontrála ardchéime dhá bhliain sa BSc i gCothabháil Aerárthaí agus san Innealtóireacht Aerfhiúntais. Is ollscoil phríobháideach mhór, faofa ag Rialtas na Malaeisia í an MSU, atá lonnaithe in Selangor agus atá tiomanta do chlár oideachais agus oiliúint theicniúil den scoth a sholáthar.
- Síniódh Meabhrán Tuisceana chun comhoibriú idir OL agus Ollscoil Ghána a éascú, chun samhlacha comhoibriúcháin a fhorbairt i roinnt réimsí lena n-áirítear taighde oideachais agus acadúil. Tharla an searmanas sínithe nuair a thug Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara na hÉireann, Simon Coveney TD, agus Ambasadóir na hÉireann go dtí an Nigéir, Gána & an tSeineagáil, A Oirirceas Sean Hoy cuairt ar Ghána. Seo an chéad chomhaontú idir ollscoil Éireannach agus ollscoil i nGána. Bhí Leas-Seansailéir Ollscoil Ghána, an tOllamh Ernest Aryeetey agus Leas-Uachtarán Acadúil agus Clárithoír OL, an tOllamh Paul McCutcheon i láthair.

Forbairtí sa Staidéar Thar Lear

- Is ag OL fós atá an clár Erasmus is mó in Éirinn, nuair a chuirtear socrúcháin oibre Erasmus san áireamh.
- Tá ag éirí go maith leis an gClár Staidéir Thar Lear. D'fhan líon na mac léinn mar an gcéanna le 2014/15 seachas an Bhrasaíl. Mhéadaigh an t-ioncam ó mhic léinn ag Staidéar Thar Lear freisin ó €2,101K in 2014/15 go €2,111K in 2015/16.
- D'fháiltigh Staidéar Thar Lear roimh mhic léinn ó 22 stát in 2015/2016, is é Nebraska (Creighton) an stát is láidre in SAM le 32 mac léinn anuraidh agus Wisconsin (UWSP, UWEC, UWS) agus Minnesota (UMN) le 29 ón dá cheann. Leagann na staitisticí béim ar a thábhachtaí is atá sé comhpháirtíochtaí láidre a thógáil le hollscoileanna aonair chun cur le clár.
- Bhí an clár Eolaíochta gan Teorainneacha (SWB) an-tábhachtach don chlár Staidéir Thar Lear don bhliain acadúil 2014/15. D'fhás clár inaistritheachta na Brasaíle, atá maoinithe go hiomlán agus a ligeann do mhic léinn eolaíochta agus innealtóireachta fochéime bliain acadúil iomlán a chaitheamh thar lear, ó 33 i Meán Fómhair 2013 go 148 in 2014 agus 114 do 2015.
- Chonacthas méadú suntasach ar rollaí sna Scoileanna Samhraidh in 2015/16 ó 62 in 2014/15 go 102 i mbliana, méadú 64.5%.
- Chuir ceapachán Oifigeach Comhpháirtíochtaí an AE go mór le líon na gcomhaltaí foirne in OL a bhain tairbhe as scoláireachtaí Erasmus Mundus d'inaistritheacht teagascóirí lasmuigh den Eoraip agus an tuiscint atá ag comhaltaí foirne agus ag taighdeoirí OL ar na deiseanna maoinithe atá ar fáil laistigh de scáthchlár Erasmus +.

Áras Analog Devices, Ollscoil Luimnigh

04 LÉARGAS GINEARÁLTA AR AN OLLSCOIL

Tá OL an-bhródúil as a ról mar chuid lárnach de réigiún an Iarthair Láir. Tá ról suntasach eacnamaíoch ag an Ollscoil sa réigiún, mar fhostóir agus mar chliant agus mar chustaiméir ó thaobh earraí agus seirbhísí.

FÍRICÍ & FIGIÚIRÍ



BUAICPHOINTÍ OLLSCOILE

Tuarascáil na Chéad Chéime Eile

D'fhoilsigh OL Tuarascáil na Chéad Chéime Eile 2015 i mí Mheán Fómhair. Díríonn an tuarascáil ar phatrúin fostaíochta agus staidéir breise na gcéimithe ó OL. Ghlac 2,933 céimí páirt sa suirbhé agus is 87% an ráta freagartha. Fuarthas amach go bhfuil 93% de chéimithe i bhfostaíocht nó i staidéar breise. Tá ráta fostaíochta céimithe OL ag 73% i bhfad níos airde ná an meán náisiúnta.

Gradaim an Uachtaráin d'Obair Dheonach

Mhéadaigh iarratais ar Ghradaim an Uachtaráin d'Obair Dheonach (PVA) 42% an bhliain acadúil seo caite agus leanann an raon tionscnamh agus comhoibrithe faoi stiúir an phobail ag fás go bliantúil. Bhain na buaiteoirí le gach réimse staidéir; rochtain, fochéim, iarchéim, idirnáisiúnta, Erasmus agus Staidéar Thar Lear.

Tionscnaimh Chomhshaoil

Reáchtáil an Ollscoil sraith leanúnach de thionscnaimh chomhshaoil, lena n-áirítear Margadh Feirmeoirí gach seachtain agus clinic chun rothair a dheisiú, siúlóidí dúlra, athchúrsáil WEEE, ceardlanna ar speicis ionracha, léachtaí ardphróifíle agus glantachán bliantúil ar bhruach na habhann. In 2015, cuireadh beachaireacht ar bun ar an gcampas nuair a bunaíodh beachlann OL. Bhronn clár an Champais Ghlais de chuid an Taisce an Brat Glas ar OL. In 2016, thionóil OL Environ 2016, an 26ú Collóiciam de chuid Taighdeoirí Comhshaoil na hÉireann.

Tionscadail Idirnáisiúnta i Soghluaisteacht Creidiúintí Erasmus+

Bronnadh os cionn €260,000 ar an Ollscoil as dhá Thionscadal Soghluaisteachta Creidiúintí Idirnáisiúnta Erasmus+. Is ionann é seo agus 25% den mhaoiniú iomlán a chuir an tAE ar fáil d'Ollscoileanna in Éirinn. Cuideoidh na deontais seo le 64 clár soghluaisteachta in 24 institiúid in 16 tír chomhpháirtíochta ar fud na hAstráilise, na hAfraice agus Mheiriceá. Bhí an Ollscoil ar cheann den 200 ollscoil is idirnáisiúnta ar domhan dar le ranguithe an Times Higher Education, a dhéanann dearcadh idirnáisiúnta a thomhas trí bhreathnú ar ilghnéitheacht na mac léinn agus na foirne araon agus ar chomh maith is a éiríonn le hinstitiúid i gcomhpháirtíochtaí taighde idirnáisiúnta. Léiríonn bronnadh thionscadail Soghluaisteachta Creidiúintí Idirnáisiúnta Erasmus+, agus Rangú an 200 is fearr Times Higher Education, uaillmhian domhanda OL.

Scoláireachtaí Acadúla

- OL40 - 40 scoláireacht iontrála don chéad bhliain bunaithe ar éachtaí san Ardeistiméireacht agus sna pointí CAO.
- Scoláireachtaí do mhic léinn aibí, deichniúr.
- Scoláireacht Elaine Fagan amháin. An Oifig Tacaíochta Míchumais.
- Gradaim Scoláireachta Rochtana an Uachtaráin, seisear. An Oifig Rochtana.
- Scoláireacht Mheiriceá Éireann, cúigear. An Oifig Rochtana.
- Scoláireacht Paul O'Connell, cúigear. An Oifig Rochtana.
- Scoláireacht Ciorcal Alumni amháin. An Oifig Rochtana.
- Scoláireacht Tom agus Mary McCauley amháin. An Oifig Rochtana.
- Scoláireacht Plassey Campus Centre, beirt. An Oifig Rochtana.

ÉACHTAÍ EILE OLLSCOILE

2015 / 2016


Soghluaisteacht Mac Léinn agus Foirne

Tá rogha de níos mó ná 300 ollscoil comhpháirtíochta AE agus os cionn 40 go hidirnáisiúnta le fáil. Déanann mic léinn OL socrúcháin staidéir i 24 tír éagsúla san Eoraip, agus faigheann OL mic léinn ó 29 tír éagsúla san Eoraip. Go hidirnáisiúnta, téann mic léinn OL chuig sé tír éagsúla, agus déanann mic léinn ó 11 tír lasmuigh den Eoraip staidéir in OL ar bhonn malartaithe; ar na tíortha sin tá an Chóiré Theas, an tSín, an tSeapáin, Neipeal, an Bhanglaidéis agus an Phacastáin.

Tháinig méadú beag chomh maith ar líon na gcomhaltaí foirne ó OL a ghlac páirt in Inaistritheacht Foirne agus Teagascóirí Erasmus sa bhliain 2015/16 nuair a chuaigh 34 teagascóir agus ochtar comhaltaí foirne teicniúla agus riaracháin ar chuaipteanna soghluaisteachta foirne.

Tá líon na ndaoine a ghlac páirt sa chlár Erasmus agus sna malartuithe idirnáisiúnta amach fanta seasmhach i gcónaí. Tá méadú tagtha ar líon na mac léinn nua isteach, mar gheall ar chomhpháirtíochtaí straitéiseacha nua sna Stáit Aontaithe, i gCeanada agus sa tSín, chomh maith le líon breise trí Erasmus Mundus.

Bhronn Coimisiún an AE Cairt Ollscoile Erasmus ar OL don tréimhse nua inaistritheachta Erasmus+, ó 2014 go 2020. Tabharfar maoiniú iomlán €14.8 billiún thar thréimhse 7 mbliana, agus rachaidh €7 billiún den mhéid sin ar inaistritheacht. In 2015/16 fuair OL €878,655 san iomlán i dtreo staidéir Erasmus agus Malartuithe agus inaistritheacht teagascóirí/comhaltaí foirne.



Niche leis an ealaíontóir Orla de Brí, an Campas Thuaidh, Ollscoil Luimnigh

AN TÚDARÁS CEANNAIS

Liosta de Chomhaltaí an Údaráis Ceannais, 1 Deireadh Fómhair 2015 - 30 Meán Fómhair 2016:

An tOllamh Don Barry	Michelle Breen	An tOllamh Helen O'Neill
An Breitheamh John L Murray	Neasa Fahy O' Donnell	Judith Woodworth
Leas-Uachtarán Acadúil & Cláraitheoir, an tOllamh Paul McCutcheon	Pat Rockett	Trish Long
John Field	Colin Clarke	Fintan Breen
An tOllamh Sean Arkins	² Sarah Dunphy	John O'Connell
An tOllamh Merritt Bucholz	Ms Ciara Corcoran	⁵ An Clr Jerry O'Dea
An Dr Eoin Devereux	³ Caolan O'Donnell	⁶ An Clr Michael Hourigan
¹ An Dr Eoin Devereux	Seán McKillen	⁷ An Clr Liam Galvin
An tOllamh Colum Dunne	⁴ Aimee McKenzie	⁸ An Clr Jerry O'Dea
An tOllamh Michael Pomeroy	Tadhg B Kearney	Kay Doyle
An Dr Seán McGrath	Berni Brady	Michael Houlihan
An Dr Máirtín Ó Droma	Bobby O'Connor	Richard Leonard
An Dr Wynette Redington	Breda Deedigan	An tOllamh Michael Hayes
An Dr Peter Tiernan	David O'Flynn	

Bhuail an tÚdarás Ceannais le chéile ocht n-uaire le linn na tréimhse faoi athbhreithniú, 1 Deireadh Fómhair 2015 - 30 Meán Fómhair 2016.

30/10/2015	27/11/2015	26/01/2016
25/02/2016	31/03/2016	28/04/2016
24/05/2016	30/06/2016	

Notes:

1. Toghadh an Dr Shinners-Kennedy i mí na Nollag 2015 chun folúntas a líonadh ó tharla gur éirigh an tOllamh Eoin Devereux as.
2. Tháinig Sarah Dunphy in ionad an Uasail Clarke mar Uachtarán, Aontas na Mac Léinn in Ollscoil Luimnigh (ULSU) i mí an Mheithimh 2016.
3. Tháinig an tUasal O'Donnell in ionad Ciara Corcoran mar Leas-Uachtarán, ULSU i mí an Mheithimh 2016.
4. Tháinig Aimee McKenzie in áit an Uasail McKillen mar Uachtarán, Aontas na Mac Léinn Iarchéime in Ollscoil Luimnigh i mí an Mheithimh 2016.
5. Toghadh an Clr O'Dea mar Mhéara ar Dhúiche Chathrach Luimnigh i mí an Mheithimh 2015.
6. Toghadh an Clr Hourigan mar Mhéara ar Dhúiche Chathrach Luimnigh i mí an Mheithimh 2016.
7. Toghadh an Clr Liam Galvin ina Mhéara ar Chathair agus ar Chontae Luimnigh i mí an Mheithimh 2015.
8. Toghadh an Clr O'Hanlon mar Mhéara ar Chathair agus ar Chontae Luimnigh i mí an Mheithimh 2016 agus mar a cheadaigh an tAcht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2015, d'ainmnigh sé an Clr O'Dea ina áit ar an Údarás Ceannais.

TUARASCÁIL AIRGEADAIS

RÁITEAS COMHDHLÚITE AGUS RÁITEAS NA hOLLSCOILE MAIDIR LE hIONCAM CUIMSITHEACH-
Don bhliain dar chríoch an 30 Meán Fómhair 2016

	Comhdhlúite		Ollscoil	
	30 Meán Fómhair 2016	30 Meán Fómhair 2015	30 Meán Fómhair 2016	30 Meán Fómhair 2015
	€'000	€'000	€'000	€'000
TAIGHDE				
Deontais stáit	36,174	34,045	36,174	34,045
Táillí acadúla	89,630	86,218	89,630	86,218
Deontais taighde agus conarthaí	35,154	34,580	34,154	34,580
Amúchadh ar Dheontais Chaipitil Iarchurtha	4,113	5,938	4,113	5,938
Ioncam oibríocháin eile	46,578	44,280	26,956	26,221
Ioncam ó ús	498	1,300	177	677
Bronntanas	1,000	5,315	1,000	5,315
Maoiniú iarchurtha glan do shochair scoir	34,157	35,097	34,157	35,097
IONCAM IOMLÁN	247,304	246,773	227,361	228,091
CAITEACHAS				
Costais Foirne	125,293	119,534	116,679	111,992
Costas seirbhíse sochair scoir	17,722	18,307	17,722	18,307
Costais oibríochta eile	65,370	68,636	61,939	63,417
Ús Iníoctha agus muirir chomhchosúla	842	1,362	564	899
Costas úis sochair scoir	16,435	16,790	16,435	16,790
Dímheas	15,747	15,220	11,214	10,837
CAITEACHAS IOMLÁN	241,409	239,849	224,553	222,242
Barrachas roimh ghnóthachain agus cailteanais eile	5,895	6,924	2,808	5,849
Gnóthachan ar infheistíochtaí	226	133	-	-
Farasbarr na bliana i ndiaidh dímheas sócmhainní agus roimh chánachas agus bearnúchán	6,121	7,057	2,808	5,849
Cánachas	(4)	-	-	-
Barrachas na bliana	6,117	7,057	2,808	5,849
Caillteanas achtúireach i ndáil leis an scéim sochair scoir	205,527	18,946	205,257	18,946
Coigeartú ar mhaoiniú sochair scoir iarchurtha	(205,257)	(18,946)	(205,257)	(18,946)
IONCAM cuimsitheach iomlán don bhliain airgeadais	6,117	7,057	2,808	5,849
Is iad sin:				
Ioncam cuimsitheach srianta don bhliain	-	-	-	-
Ioncam cuimsitheach neamshrianta don bhliain	6,117	7,057	2,808	5,849
	6,117	7,057	2,808	5,849

TUARASCÁIL AIRGEADAIS

RÁITEAS COMHDHLÚITE AGUS RÁITEAS NA hOLLSCOILE AR STAID AN AIRGEADAIS-
Don bhliain dar chríoch an 30 Meán Fómhair 2016

	Comhdhlúite		Ollscoil	
	2016	2015	2016	2015
	€'000	€'000	€'000	€'000
SÓCMHAINNÍ NEAMH-REATHA				
Sócmhainní Inláimhsithe	437,053	424,675	304,883	296,398
Maoin infheistíochta	5,344	-	5,344	-
Sócmhainní airgeadais	3,103	2,602	-	-
	445,500	427,277	310,227	296,398
SÓCMHAINNÍ REATHA				
Infháltais trádála agus eile	25,244	22,622	44,123	43,048
Airgead tirim agus coibhéisí airgid	115,662	166,045	90,057	102,527
	140,906	188,667	134,180	145,575
INÍOCTHA:				
Méideanna a bheidh dlite i ndiaidh bliain amháin	(148,187)	(151,063)	(103,743)	(100,895)
GLANSÓCMHAINNÍ REATHA/(DLITEANAIS)	(2,281)	37,604	30,437	44,680
SÓCMHAINNÍ IOMLÁNA LÚIDE DLITEANAIS REATHA	443,219	464,881	340,664	341,078
INÍOCTHA:				
Méideanna a bheidh dlite i ndiaidh bliain amháin	(202,300)	(230,079)	(184,283)	(187,505)
FORÁLACHA:				
Sochar scoir infhaighte	877,777	638,363	877,777	638,363
Forálacha sochair scoir	(877,777)	(638,363)	(877,777)	(638,363)
GLANSÓCMHAINNÍ IOMLÁNA	240,919	234,802	156,381	153,573
Cúlchistí neamshrianta:				
Cúlchistí ioncaim (29)	240,919	234,802	156,381	153,573
	240,919	234,802	156,381	153,573

Ráitis a baineadh as Ráitis Airgeadais

Tá Ráitis Airgeadais iomlána ar fáil anseo <https://ulsites.ul.ie/finance/financial-statements>

